

Tuarascáil Bhliantúil 2013
Turasóireacht Éireann

Clár

Stair Achomair agus Cúlra Reachtúil na Cuideachta 1

Ráiteas an Chathaoirligh 3

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh 9

Bord Thurasóireacht Éireann 13

Forbhreathnú ar na Margaí 15

Forbhreathnú ar Mhargaíocht Láir 27

Forbhreathnú ar Sheirbhísí Corparáideacha 31

Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais 36

Stair Achomair agus Cúlra Reachtúil na Cuideachta

Bhunaigh Rialtas na hÉireann agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann, faoi chomirce na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas (NSMC), Turasóireacht Éireann Teoranta le mhaith ina ghéag margaíochta don turasóireacht thar lear d'oileán na hÉireann FUA corpraíodh é ar an 11 Nollaig 2000 mar Chuideachta Teoranta ag Rátháíocht gan Scairchaipiteal. Tógann sé treoir beartais ón NSMC agus coinníonn sé dlúthchaidreamh oibre lena chomhaltaí bunaigh, Fáilte Éireann (FI) agus Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann (NITB). Is iad príomhchuspóirí na cuideachta an turasóireacht go hoileán na hÉireann a mhéadú agus tacaíocht a thabhairt do Thuaisceart Éireann lena chumas turasóireachta a bhaint amach. Tá an cuideachta á rialú ag a Meabhrán agus a hAirteagail Chomhlachais agus ag an Meabhrán Airgeadais faofa ag an NSMC agus ullmhaíonn sí Pleananna Corparáideacha trí bliana agus Plean Oibriúcháin aon-bhlíana mar threoir dá cuid gníomhaíochtaí. Faigheann an cuideachta a mhaoiniú ón dá dhlínse. Ceapann an NSMC Bord Stiúrthóirí go ceann tréimhse ceithre bliana.

Ráiteas an Chathaoirligh

Brian Ambrose
Cathaoirleach

Bliain dhearfa ba ea 2013 don turasóireacht chuig oileán na hÉireann. Cuireadh fáilte roimh suas le ocht milliún cuairteoir, a thug ioncam timpeall €3.64bn/£2.98bn don gheilleagar thuaidh agus theas. D'éirigh linn go seoigh i bpríomh-mhargáí na Stát Aontaithe, Cheanada, na Gearmáine, na Fraince, na Spáinne agus na hAstráile, agus fás ag teacht in athuir ar gheilleagar an domhain.

Bhí Tionól na hÉireann 2013 agus Doire - Cathair Chultúrtha na Ríochta Aontaithe 2013 i measc na mbuaicphointí suntasacha turasóireachta i rith na bliana. Bhain an-chuid pleanála leis an dá ócáid agus chruthaigh siad deiseanna iontacha le haird an domhain a dhíriú ar Éirinn agus ar Thuaisceart Éireann.

Cuireadh an-bhéim orthu i bhfeachtais fógraíochta Thurasóireacht Éireann i rith na bliana 2013. Rug siad ar shamhlaíocht na ndaoine i ngach áit - na meáin dhomhanda san áireamh, a scríobh agus a chraol go leitheadach faoin dá thogra. Rinneadh dul chun cinn ó thaobh rochtana chomh maith i 2013, le bealaí nua bunaithe ag iompróirí éagsúla aeir agus farraige ó Mheiriceá Thuaidh agus ó Mhór-Roinn na hEorpa.

Is féidir mothúchán nua dóchais agus fuinnimh a bhraith ar fud na tionscail. Ag deireadh 2013, shocraigh Turasóireacht Éireann spriocanna uailmhianacha le fáilte a chur roimh 8.9 milliún cuairteoir faoin mbliain 2016, méadú 12% ó 2013, agus beagnach €4.5bn/£3.7bn d'ioncam a sheachadadh don eacnamaíocht sa dá dhlínse. Beidh sé de phríomhaidhm againn tógáil ar a bhfuil bainte amach leis An Tionól, Slí an Atlantaigh Fhiáin agus Bealach Chósta an Aifir, a chur chun cinn, agus díriú ar mhórimheachtaí ar nós Grande Partenza Giro d'Italia, Luimneach Cathair Chultúrtha 2014 agus an Croke Park Classic.

Tosaíochtaí Straitéiseacha

Leag Turasóireacht Éireann tosaíochtaí tábhachtacha straitéiseacha amach agus pleanáil á dhéanamh don bhliain 2013 ar mhaithe le tionchar ár ngníomhaíochtaí fógraíochta a uasmhéadú agus tacú le fás leanúnach líon na gcuariteoirí iasachta.

Ainmníodh Meiriceá Thuaidh agus Mór-roinn na hEorpa mar mhargáí fíorthábhachtacha chun fás na turasóireachta a spreagadh. Bunaithe ar an bhfás ó na Stáit Aontaithe i 2012, agus muid ag súil le feabhas ar rochtain i rith na bliana, d'ainmnigh Turasóireacht Éireann an margadh seo mar mhargadh mórchumais do 2013.

Cuireadh plean nua trí bliana - Make Ireland Jump Out - ar bun i 2013, agus é d'aidhm aige líon na gcuariteoirí Meiriceánacha a mhéadú 20% idir 2013 agus 2015 agus sciar níos mó den taisteal uile a dhéanann Meiriceánaigh chun na hEorpa a ghnóthú. Maidir le Mór-roinn na hEorpa rinneadh cinneadh straitéiseach na hacmhainní a dhíriú ar dhá phríomh-mhargadh na Gearmáine agus na Fraince, agus ina dhiaidh sin ar an Iodáil, an réigiún Nordach, an Spáinn agus an Ísiltír. Cuireadh straitéis nua i bhfeidhm freisin don Bhreatain - GB Path to Growth, a dhírigh ar líon na gcuariteoirí ón Bhreatain a mhéadú 20% faoi 2016.

Bhí Tionól na hÉireann 2013, an imeacht turasóireachta is mó agus is uailmhianáí a eagraíodh riamh in Éirinn, mar phríomhfhócas gníomhaíochta i rith na bliana. Rinneadh Turasóireacht Éireann an Tionól a fhógairt ar feadh na bliana don 70 milliún duine ar fud an domhain a mhothaíonn go bhfuil ceangal teaghlaigh, cairdis nó eile acu le hÉirinn, agus dírfodh go háirithe ar dheoraithe.

Bhí Doire Cathair Chultúrtha mar mhórfhócas de chuid feachtais fógraíochta Thurasóireacht Éireann freisin i rith na bliana. Bhí clár Chathair an Chultúir an úsáideach mar phointe spreagtha le haird an domhain a dhíriú ar Dhoire agus ar Thuaisceart Éireann - go háirithe imeachtaí clúiteacha ar nós an Fleadh Cheoil, féile Fhilleadh Cholm Cille, Lumiere agus taispeántas Duais Turner.

Suíomh gréasáin nua - Ireland.com

Tá tacaíocht ar an suíomh nua do 11 teanga éagsúil agus 30 margadh. Rinneadh athfhorbairt iomlán air le taithí nua gréasáin a thabhairt do dhaoine ar fud an domhain a bheadh ag smaoinemh ar theacht ar cuairt. Dearadh go speisialta é chun tairbhe a bhaint as olltábhacht an idirlín i bpleanáil agus in áirithint laethanta saoire agus chun leas a bhaint as fás éachtach na meán sóisialta. Faoi dheireadh 2013, bhí 13.5 milliún cuairt uathúil déanta ar Ireland.com, agus aon trian díobh seo ó fhóin chliste nó táibléid.

Tuaisceart Éireann

Is gné tábhachtach d'obair Thurasóireacht Éireann tacaíocht a thabhairt do Thuaisceart Éireann chun a chumas turasóireachta a bhaint amach. Bhí deis ar leith ann i 2013 chun tógáil ar an rath a bhí ar fheachtais fógraíochta ni2012 do Thuaisceart Éireann. Thug Doire Cathair Chultúrtha RA cúiseanna úra láidre do chuariteoirí iasachta teacht anseo agus cuireadh béim air seo i bhfeachtais Thurasóireacht Éireann i rith na bliana. Tháinig ceannairí domhanda go Fear Manach i mí Mheithimh chuig Cruinniú Mullaigh an G8, rud a thug deis aon uaire chun Co Fhear Manach agus Tuaisceart Éireann a thaispeáint - ní hamháin do na ceannairí domhanda ach, trí na meáin a tháinig leo, don domhan uile. Thug Turasóireacht Éireann poiblíocht leathan do Chluichí Póilíní agus Dóiteáin an Domhain, agus tháinig na mílte anall thar sáile mar rannpháirtithe agus mar lucht féachana. Déanfaidh Turasóireacht Éireann gach rud is féidir le dul chun cinn suntasach a dhéanamh arís i 2014 do Thuaisceart Éireann agus an leibhéal feasachta faoin réigiún a mhéadú. Beidh ionad láidir i gcónaí ag imeachtaí ar nós Grande Partenza an Giro d'Italia, Bealach Cósta an Aifir agus ionaid spéise eile ar nós Titanic Belfast agus Clochán an Aifir, inár gcuid feachtas.

Na Réigiúin

Bhí Turasóireacht Éireann ag díriú i rith an ama ar chuariteoirí ón iasacht a spreagadh le cuairt a thabhairt ar réigiúin na hÉireann i rith 2013. Ag obair go dlúth le Fáilte Éireann agus comhpháirtithe sa tionscal, eol Turasóireacht Éireann feachtais ar leith le Iarthar Éireann, Deisceart Éireann, Ceantar na Lochanna, Baile Átha Cliath agus Tairseach Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn, agus cuireadh gach réigiún chun cinn go suntasach inár gcláir margaíochta do chinn scríbe. Reáchtáladh feachtais réigiúnacha sa Bhreatain, sna Stáit Aontaithe agus i Mór-roinn na hEorpa. Cuireadh imeachtaí, sosanna cathrach agus saoire turasóireachta chun cinn go bríomhar chomh maith. I measc na bhfeachtas do Bhaile Átha Cliath bhí Séasúr na bhFéilte i mBaile Átha Cliath, Oíche Chinn Bhliana agus cómhargaíocht le hionmpróirí; cuireadh béim ar shosanna gearra i gCorcaigh. I ngníomhaíocht chomhoibríoch le hionmpróirí agus le tionscnóirí turas cuireadh rochtain chuig na réigiúin uile chun cinn, lena n-áirítear bealaí Aerfort na Sionainne ó na Stáit Aontaithe, bealaí Eorpacha chuig Aerfort Iarthar na hÉireann (IWAK), bealaí ón mBreatain go Port Láirge, agus seirbhísí farantóireacht ón mBreatain go dtí an cósta thoir.

Rochtain

Is gné riachtanach í an rochtain, ní hamháin ó thaobh líon na gcuartheoirí agus an ioncain turasóireachta, ach chun forbairt leanúnach a dhéanamh ar an turasóireacht iasacht chuig na réigiúin agus go Tuaisceart Éireann. Bliain shuntasach ba ea 2013 ó thaobh rochtana, agus tharla forbairtí dearfa éagsúla. Tháinig méadú 26% ar líon na suíocháin aerlíne idir SAM agus Éirinn i samhradh 2013, an buaicshéasúr (Meitheamh-Lúnasa), agus bhí sé níos éasca agus níor inacmhainne ná riamh do Mheiriceánaigh teacht chuig oileán na hÉireann. Is deachomhartha do rath na turasóireachta ón iasacht na seirbhísí nua atá fógraithe ag iompróirí aeir agus farraige do bhliain 2014. Ina measc tá eitiltí nua Aer Lingus ó San Francisco, Toronto agus Mór-Roinn na hEorpa; seoltaí nua Irish Ferries ó Holyhead agus Cherbourg; leathnú Ryanair ar fud na hEorpa; eitilt nua WestJet ó Thalamh an Éisc i gCeanada; agus seoladh nua LD Lines ó St Nazaire (ar chósta thiar na Fraince) agus Gijón (tuaisceart na Spáinne) go Ros Láir. Tá deiseanna nua ann i gcónaí agus creidimid nach bhfuil a cumas iomlán bainte amach fós ag Tuaisceart Éireann ó thaobh rochtana díreach agus táimid ag obair air seo.

Rialachas

Bhí ocht gcruinniú ag an mBord i rith na bliana 2013 i láithreacha éagsúla ar fud an oileán lena n-áirítear baile Átha Cliath, Baile Uí Fhinn, Béal Feirste, Cúil Raithin agus Cill Airne, rud a thug deiseanna do na comhaltaí bualadh le hionadaithe áitiúla sa tionscal.

I measc na n-ábhar a phléigh an Bord i rith na bliana bhí forbairt an Phlean Chorporáideach 2014-16, a bhí go seasta ar chlár oibre an Bhoird. Rinneadh an-chuid comhairliúcháin i rith an phróisis, le comhpháirtithe iomadúla sa tionscal, le ranna urraíochta, Fáilte Éireann agus Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann. I measc na n-ábhar eile a pléadh bhí tionscnamh na straitéise GB Path go Growth, Tionól na hÉireann 2013, Doire Cathair Chultúrtha RA 2013, measúnú ar mhargaí na Fraince agus na Gearmáine, torthaí rianú branda, athbhreithniú ar ár staitéis bainistiú talainne agus pleananna le haghaidh Grande Partenza an Giro d'Italia i 2014. Fuarthas tuarascálacha ón gCoiste Bainistiú Riosca agus ón gCoiste Luach Saothair i 2013 agus glacadh go raibh siad sásúil.

Buíochas

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht agus don chomhoibriú a thug daoine aonair agus eagraíochtaí éagsúla dúinn i rith na bliana: Leo Varadkar TD, an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt; Michael Ring TD, an tAire Stáit Turasóireachta agus Spóirt; agus Arlene Foster MLA, an tAire Fiontraíochta, Trádála agus Infheistíochta, ar son na tacaíochta agus na tosaíochta a thugadar don turasóireacht ón iasacht sa dá dhlínse i rith 2013. Ba mhaith liom buíochas ar leith a thabhairt don Aire Foster a tháinig ar cuairt ar ár n-oifig i gCúil Raithin i mí Iúil. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith le foirne an dá roinn urraíochta - an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an Roinn Fiontraíochta, Trádála agus Infheistíochta; Comhairle na nAírí Thuaidh/Theas; ár gcomhghleacaithe i mBord Turasóireachta Thuaisceart Éireann agus i bhFáilte Éireann; agus ár gcomhpháirtithe réigiúnacha sa dá dhlínse. Ní mór dúinn buíochas a ghabháil freisin leis an Taoiseach, Enda Kenny TD, le Peter Robinson MLA Céad Aire agus leis an Leas-Chéad Aire Martin McGuinness MLA, as an tacaíocht ghníomhach a thugadar dár n-iarrachtaí margaíochta le linn cuairteanna ar an Bhreatain, na Stáit Aontaithe, Ceanada, an Iodáil, Ceanada agus an Brasaíl i rith na bliana.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis na hiompróirí agus leis na comhpháirtithe tráchtála eile a rinne infheistíocht i dtograí cómhargaíochta - agus a léirigh a muinín inár dtionscal - ar mhaithe leis an turasóireacht chuig an oileán a threisiú. Ba mhaith liom chomh maith aitheantas a thabhairt do chomhaltaí eile an Bhoird agus buíochas a ghabháil leo ar son a dtacaíocht i rith na bliana 2013. Tá mé ag tnúth le hobair leo chun an leas is fearr a bhaint an méid a baineadh amach i 2013 agus na deiseanna iontacha atá ann d'oileán na hÉireann i 2014.

Mar fhocal scoir, is mian liom aitheantas agus buíochas a thabhairt d'fhoireann Thurasóireacht Éireann, faoi cheannas Niall Gibbons, atá lonnaithe sa bhaile agus thar lear, as an éacht suntasach a rinne siad i rith na bliana 2013. Rinneadh siad gach iarracht le leas a bhaint as Tionól na hÉireann agus Doire Cathair Chultúrtha RA, go háirithe, agus tá na torthaí le feiceáil go soiléir. Leanann siad orthu ag obair go dian dícheallach le cinntiú go mbeidh aird ar fud an domhain ar an gceann scríbe seo. Tá an-bhród orm as iarrachtaí na foirne agus tá mé ag súil le bheith ag obair leo i 2014 agus ina dhiaidh sin.

Ionchais don Todhchaí

Cé nár fhás an eacnamaíocht mar a bhíothas ag súil leis i gcuid dár margaí tábhachtacha, agus go raibh éiginnteacht eacnamaíoch agus pholaitiúil i gceantair éagsúla ar fud an domhain, táimid dóchasach go mbeidh fás faoin turasóireacht chuig oileán na hÉireann arís i 2014. Tá spriocanna uaimhianacha againn do 2014-2016 agus é d'aidhm againn fáilte a chur roimh 8.9 milliún cuairteoir sa bhliain faoi 2016, a chuirfidh beagnach €4.5bn/£3.7bn le hioncam, agus 4.3 milliún cuairteoir saoire san áireamh. Tá deis iontach againn cur lena baineadh amach i 2013 - táimid ag tnúth leis an dúshlán sin a chomhlíonadh.

Brian Ambrose
Cathaoirleach

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Niall Gibbons

Príomhfheidhmeannach

Bliain thábhachtach ba ea 2013 don tuarasóireacht thar lear. Tá áthas orainn a thuairisciú gur tháinig méadú níos mó ná 7% ar líon na gcuartheoirí i gcomparáid le 2012. Tháinig fás ar gach ceantar margaidh agus ba bhliain curiarrachta í 2013 ó thaobh líon na gcuartheoirí ó Mheiriceá Thuaidh, ón nGearmáin, an Fhrainc, an Spáinn, an Astráil agus an Nua-Shéalainn. Bhí toradh an-suntasach go háirithe ar mhargadh SAM agus faoi dheireadh na bliana bhí milliún cuairteoir as Meiriceá againn, agus chaith siad US\$1bn. Bhí margadh na Breataine deacair le tamall de bhlianta, ach is ábhar dóchais é an fás ar líon na gcuartheoirí i 2013. Agus ná deinimis dearmad ar na margadí nua, ag deireadh na bliana 2013 chuaigh muid ar ár misean díolacháin is mó riamh chun na Síne agus bhunaigh muid ionadaíocht sa Bhrasaíl agus sa Rúis den chéad uair riamh.

Tionól na hÉireann 2013

Ba é Tionól na hÉireann 2013 buaic agus príomhfhócas ár ngníomhaíocht fógraíochta don bhliain. D'éirigh go hiontach leis an togra agus leagadh síos dúshraith láidir do na blianta atá romhainn. Thug sé deis as cuimse dúinn teagmháil a dhéanamh le daoine i ngach áit, agus iad a chur ag caint agus ag smaoinemh ar chuairt a thabhairt ar oileán na hÉireann.

D'fheabhsaigh rath an Tionóil ár rannpháirtíocht le diaspóra na hÉireann. In 2013 bhí Turasóireacht Éireann ag obair níos dlúithe ná riamh le clann na hÉireann thar lear - ó Tionól Mhaigh Eo i Manchain, a thug 1,000 cuairteoir go Maigh Eo i mí Lúnsaa, go ceannairí corparáideacha agus lucht cinnteoireachta éagsúla a thug a gcuid comhdhálacha go hÉirinn in 2013, lena n-áirítear Spar International, Alltech agus Google. Le fócas leanúnach ar ghinealas, thuill taighde Turasóireacht Éireann ar naisc teaghlaigh réalta Hollywood Tom Cruise cinnlínte ar fud an domhain nuair a tháinig sé ar cuairt go Baile Átha Cliath i mí Aibreáin, agus spreag sé daoine eile a bhfuil naisc le hÉirinn acu le sampla Cruise a leanúint, níos mó a fhoghlaim faoina n-oidhreacht agus áit dhúchais a sinsear a fhionnachtain.

Tuaisceart Éireann

Ag tógáil ar an rath a bhí ar ni2012, thug muid faoi chlár gnóthach fógraíochta do Thuaisceart Éireann i rith na bliana. Thapaigh Turasóireacht Éireann gach deis chun Thuaisceart Éireann a chur i láthair ar bhealach a dheighlúinn amach í ó chinn scríbe eile atá in iomaíocht léi, ag cur béime ar bhuntréithe saoire i dTuaisceart Éireann agus ar ár neart - taithí eiseamlárach, daoine cairdiúla lácha agus luach airgid. Ainmníodh Doire mar chéad chathair cultúir na Ríochta Aontaithe agus rinne sí óstáil ar Dhuais Turner den chéad uair lasmuigh de Shasana. I measc na n-imeachtaí ardphróifíle eile bhí an Fleadh Cheoil, féile Fhilleadh Cholm Cille agus Lumiere. Tugadh fógraíocht do Dhoire Cathair Chultúrtha RA go leithheadach ar fud an domhain ag gach aonach tábhachtach saoire taistil agus stíl mhaireachtála agus i Philadelphia, bhí gairdín a bhí coimisiúnaithe go speisialta i gcoilár sheastán Turasóireacht Éireann ag an taispeántas bláthanna agus gairneoireachta is mó ar domhan.

Lean Turasóireacht Éireann ar aghaidh ag baint leas as an bhfógraíocht dhearfach do Thuaisceart Éireann mar cheann scríbe den scoth don ghalf, agus chonaic na milliún cuairteoirí ionchasacha as SAM an feachtas 'Home of Champions' ar an Golf Channel i rith na bliana.

Chruthaigh teacht Barack Obama, David Cameron agus ceannairí domhanda eile don Chruinniú Mullaigh G8 deis gan fasach chun aird a dhíriú ar Fhear Manach agus ar Thuaisceart Éireann - trí na meáin idirnáisiúnta - do chuartheoirí ionchasacha ar fud an domhain. Cuireadh go mór le clár feachtas poiblíochta Thurasóireacht Éireann roimh, i rith agus tar éis Cruinniú Mullaigh G8 leis an deis seo a thapú. D'eagraigh muid feachtas spriocdhírthe caidreamh poiblí leis an leas is mó a bhaint as Cruinniú Mullaigh an G8, agus cruthaíodh poiblíocht dhearfa sa Bhreatain agus i margáí tábhachtacha eile thar lear, agus rinneadh cinnte go gcuirí an ceann scríbe i láthair na meán idirnáisiúnta a chlúdaigh an Cruinniú Mullaigh. I measc na ngníomhaíochtaí bhí cuairteanna taithíochta do na meáin thábhachtacha taistil agus stíl mhaireachtála roimh an chruinniú mullaigh; gníomhaíocht leitheadach ar na meáin shóisialta agus idirghabháil leis na meáin idirnáisiúnta le linn an G8; agus cuairteanna taithíochta 'lean a lorg' do lucht teagmhála sna meáin agus sa ghnó taistil a dhíríonn ar an turasóireacht gnó agus gailf tar éis an G8.

Ócáid eile a sheas amach do Thuaisceart Éireann i 2013 ba ea Cluichí Domhanda na bPóilíní agus lucht Dóiteáin - tháinig 7,000 lúthchleasaí, lena dteaghlach agus a gcairde, go Béal Feirste agus Tuaisceart Éireann ar feadh deich lá ag tús mhí Lúnasa. Dúradh gurb iad seo 'na cluichí is cairdiúla riamh', agus cabhraíonn ócáidí mar seo le Tuaisceart Éireann a choinneáil i spotsolas na poiblíochta domhanda, agus le tuiscint a athrú, agus Tuaisceart Éireann a chur chun cinn mar cheann scríbe saoire agus gnó den chéad scoth.

Bhí an t-ullmhúchán do Grande Partenza an Giro d'Italia i 2014 an-tábhachtach chomh maith mar ghné dár ngníomhaíocht ar son Thuaisceart Éireann in 2013. Thiomsaigh Turasóireacht Éireann clár gnóthach fógraíochta san Iodáil le cumas turasóireachta óstáil na gcéad chéimeanna de Giro d'Italia 2014 a uasmhéadú. Bhí muid an-fheiceálach ag na bailte tosaigh agus deiridh de gach ceann den 21 de rás 2013. Chonaic níos mó ná milliún de lucht leanúna spóirt agus an Giro fógraí Thurasóireacht Éireann i rith an ráis ar shuíomh gréasáin *La Gazzetta dello Sport*, príomhnuachtán spóirt na hIodáile; agus tugadh faoi chlár gnóthach gníomhaíochta sna meáin shóisialta san Iodáil, sa Bhreatain, sa Ghearmáin agus sa Spáinn, leis an spéis ollmhór sa rothaíocht agus an t-ollchlúdach timpeall an Giro a ghíaráil.

Feachtas fógraíochta Lá Fhéile Pádraig

Bhí 'glasú domhanda' Thurasóireacht Éireann níos mó agus níos fearr ná riamh ar Lá Fhéile Pádraig 2013 - chruthaigh sé níos mó ná €10/£8.2m de phoiblíocht dhearfa d'oileán na hÉireann ar fud an domhain. Don chéad uair riamh, bhí ceann d'iontaisí an tseansaoil - Pírimidí Giza - agus iontas nua-aimseartha - Dealbh Chríost an Slánaitheoir i Rio de Janeiro - glas mar cheiliúradh ar Lá Fhéile Pádraig, mar aon le cuid mhór ionaid mhóra iocónacha ar domhan.

Margaíocht Dhigiteach

Tugadh tús áite do Thurasóireacht Éireann ag barr tábla sraithe Eorpach d'eagraíochtaí náisiúnta turasóireachta i dtuarascáil nua a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair ar son na húsáide a bhaintear as margaíocht dhigiteach. Is tuarascáil tagarmharcála é Innéacs Branda Digiteach Turasóireachta a dhéanann 45 eagraíocht náisiúnta turasóireachta san Eoraip a thomhas agus a mheas. Ghnóthaigh Turasóireacht Éireann tús áite as Facebook a úsáid, an t-ardán tomhaltóirí is mó éilimh agus is mó tionchair d'ardáin na meán sóisialta atá á n-úsáid ag eagraíochtaí náisiúnta turasóireachta. Ghnóthaigh Turasóireacht Éireann an chéad áit ar son YouTube a úsáid, agus an tríú háit ar Twitter. Is céim shuntasach eile chun cinn é ár suíomh gréasáin nua, Ireland.com, a seoladh ag tús 2013 agus é oiriúnaithe d'fhearais shoghluaiste, agus tugann sé deis do Thurasóireacht Éireann cumas ollmhór na meán digiteacha a ghíaráil.

Buíochas

Táim an-bhuíoch as an tacaíocht leanúnach atá faighte ag Turasóireacht Éireann ó lucht riaracháin sa dá dhlínse ar an oileán agus ó na hAirí, Arlene Foster MLA, Aire Fiontraíochta, Trádála agus Infheistíochta Thuaisceart Éireann, agus Leo Varadkar TD, Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus Michael Ring TD, Aire Stáit Turasóireachta agus Spóirt sa Deisceart. Bhí na hAirí an-fhlaithiúil lena gcuid ama agus ghlac siad páirt i gcúairteanna torthúla chuig margáí thar lear le haghaidh mórimeachtaí poiblíochta i rith na bliana. Táim buíoch freisin do na hoifigigh sa dá roinn agus dóibh sin i gComhairle na hAirí Thuaidh/Theas agus as an tacaíocht agus don chomhairle a thugann siad i gcónaí.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin lenár gcomhpháirtithe sa tionscal turasóireachta a bhí ag obair linn le taithí saoire oileán na hÉireann a thabhairt chun beatha do lucht saoire ionchasacha ag feachtais phoiblíochta ar fud an domhain. Molaim chomh maith baill an Tascfhórsa Téarnaimh don Turasóireacht, a chríochnaigh a gclár oibre; agus do bhaill na nGrúpaí Comhpháirtíochta Margaíochta thar Lear, a thug a gcuid ama go fial agus iad ag obair linn i rith 2013.

Is luachmhar an comhoibriú a fhaighimid go leanúnach ónár gcomhghleacaithe i Fáilte Éireann agus i mBord Turasóireachta Thuaisceart Éireann, agus ó Chónaidhm Tionscal Turasóireachta na hÉireann, i ngach gné dár gcuid oibre. D'oibrigh foireann Thurasóireacht Éireann go dícheallach sa bhaile agus i gcéin chun íomhá dhearfa d'oileán na hÉireann a chur chun cinn. Táim an-bhródúil i gcónaí as a ndílseacht, a dtiomantas, a gcuid fuinnimh agus a nuáil agus iad ag obair ar son an tionscail.

Focal Scoir

Is cosúil go mbeidh bliain chorrathach eile ag an turasóireacht i 2014, le mórimeachtaí ar nós Luimneach Cathair Chultúrtha, Grande Partenza an Giro d'Italia, agus an Croke Park Classic, mar a mbeidh Ollscoil Central Florida ag bualadh le Penn State i gcéad chluiche an tséasúr peile coláistí. Beidh an feachtas fógraíochta do Bhealach Fiáin an Atlantaigh, an chéad bhealach fada turasóireachta in Éirinn, a shíneann ó Inis Eoghain i gCo Dhún na nGall go Cionn tSáile i gCo Chorcaí, agus Bealach Chósta an Aifir, ó Bhéal Feirste timpeall cósta an Aifir go Doire, i measc na ngníomhaíochta is tábhachtaí ag Turasóireacht Éireann ar fud an domhain i 2014.

Beidh tús áite á thabhairt againn do na margáí is mó a thairgeann toradh ar infheistíocht ó thaobh cuairteoirí saoire agus ioncaim, is iad sin, Meiriceá Thuaidh agus Mór-Roinn na hEorpa. Beifear ag díriú níos luaithe ar na cuairteoirí 'is dóchúla' go hoileán na hÉireann - le heispéiris shuntasacha saoire, imeachtaí agus tairiscintí speisialta oiriúnaithe dá spéiseanna agus deartha lena bhfionn 'caithfidh mé dul' a mhúscailt. Bainfidh tairbhe freisin as forbairtí tábhachtacha rochtana - ag uasmhéadú eiltí agus seoltaí nua chomh maith leis na cinn atá ann cheana, d'fhonn turasóireacht ón iasacht go hÉirinn a fhás go leanúnach.

Is mór an dúshlán é na spriocanna uaimhianacha sa phlean trí bliana a sheachadadh - 8.9 milliún cuairteoir sa bhliain faoi 2016, fás 12% thar 2013, agus ioncam turasóireachta ón iasacht de beagnach €4.5bn/£3.7bn a chruthú, ach táimid ag súil go mór leis an dúshlán seo agus leis na spriocanna a bhaint amach.

Niall Gibbons

Príomhfheidhmeannach

Bord Thurasóireacht Éireann

CATHAOIRLEACH

Brian Ambrose OBE,

Tá 38 mbliana caite aige sa tionscal eitlíochta, agus poist shinsireacha bainistíochta le Bombardier in innealtóireacht agus i bhforbairt ghnó. I 1997 ceapadh an tUasal Ambrose ina stiúrthóir oibríochtaí in Aerfort Cathrach Bhéal Feirste le freagracht as reáchtáil an aerfoirt ó lá go lá. I mí Eanáir 2004, ceapadh é mar phríomhfheidhmeannach ar an aerfort agus tá sé freagrach as gnó atá ag fás le gluaiseacht bhliantúil paisinéirí os cionn 2.7 milliún agus 120 eitilt sa lá ar an meán. Tá os cionn 1,600 ag obair san aerfort faoi láthair, rud a dhéanann fostóir suntasach d'Aerfort Bhéal Feirste agus a chuireann go mór le heacnamaíocht Thuaisceart Éireann. Bhí an tUasal Ambrose ina chathaoirleach ar CBI Northern Ireland 2008-2009. Tá sé ina chathaoirleach ar Mencap Northern Ireland; ina chomhalta de Bhord Business in the Community; agus ina iontaobhach ar an Titanic Foundation. Bronnadh OBE air in Onóracha na Bliana Úire i 2011.

LEAS-CHATHAOIRLEACH

Jim Flannery. Céimí de Choláiste Bainistíocht Óstáin na Sionnaine a d'oibrigh san earnáil óstáin sa Ghearmáin, sa RA agus in Éirinn. Chuaigh sé le Bord Fáilte Fáilte ina dhiaidh sin, mar a raibh sé ina cheannaire ar an aonad Forbartha agus Rialú Cailíochta. D'fhreastail sé mar phríomhfheidhmeannach Chónaidhm Óstáin na hÉireann ó 1978 go 1988 agus mar chomhalta comhairle de Chumann Idirnáisiúnta na nÓstán agus na mBialanna agus mar leas-uachtarán bunaidh de HOTREC, comhlacht óstán agus bialanna san Aontas Eorpach. Ó 1991 go 1996 bhí sé ina bhainisteoir stiúrtha ar International Tourism Marketing Ltd, a chuir seirbhísí margaíochta agus comhairleoireachta eile ar fáil don earnáil turasóireachta in Éirinn. Tá taithí leitheadach idirnáisiúnta ag an Uasal Flannery ar an turasóireacht; ba é a bhunaigh agus a bhí ina chéad phríomhfheidhmeannach ar bhoird náisiúnta turasóireachta Sierra Leone, Chéinia agus bord turasóireachta Chairp san Úcráin. Bhunaigh sé chomh maith, nó rinne sé atheagrú ar chomhlachtaí ionadaíochta óstán san earnáil phríobháideach agus do thurasóirí san Ómáin, sa Bhulgáir agus i dTuaisceart Éireann. Le tamall anuas, thug sé faoi thascanna leitheadacha comhairleoireachta agus comhairleacha d'Eagraíocht Turasóireacht Dhomhanda an NA san Eoraip, san Aifric, sa Mheán-Oirthear agus san India. .

Ciara Burke. Tá Ciara Burke fostaithe i réimse feabhsú na sláinte agus bíonn sí ag obair go dlúth leis an phobal, le comhlachtaí reachtúla agus leis an tionscal le plé le riachtanais sláinte agus folláine. Tá taithí ghairmiúil bhforbairt ghnó, i margaíocht agus i gcaidreamh poiblí aici i réimse earnálacha. Roimhe seo bhí sí páirteach i bhforbairt tograí turasóireachta pobalbhunaithe, i bhforbairt táirgí, i seachadadh na gclár Welcome to Excellence san earnáil, chomh maith le bainistiú margaíochta agus imeachtaí do mhóronad cuairteoirí.

David Lyle OBE. Príomhfheidhmeannach an ghníomhaireacht fógraíochta LyleBailie International Limited le níos mó ná 20 bliain de thaithí i margaíocht ceann scríbe. Tá taithí ar leith aige ar chomhoibriú Thuaidh-Theas lena n-áirítear 20 feachtas teilifíse trasteorann faoi shábháilteacht bóithre agus feachtas faoi na seirbhísí poiblí. Bhí sé ina phríomhúdar ar 44 staidéar ar chásanna a bhuaigh gradaim agus fuair sé 260 gradam cruthaitheachta - lena n-áirítear cúig Grand Prix. Sa bhliain 2009 bhronn an Advertising Research Foundation i Nua Eabhrac an David Ogilvy Gold Award air. Is speisialtóir é i luacháil na n-aisíocanna eacnamaíochta a eascraíonn as an bhfógraíocht agus bronnadh an OBE air i 2011 ar son a chuid seirbhíse do shábháilteacht bóithre.

Christoph Mueller Ceapadh Christoph Mueller ina phríomhfheidhmeannach ar Aer Lingus i mí Mheán Fómhair 2009. Roimhe sin bhí sé ina stiúrthóir feidhmeannach eitlíochta ag TUI Travel plc, cuideachta FTSE 100. I mí Eanáir 2006, chuaigh Christoph le coiste feidhmeannach TUI AG, cuideachta DAX 30, agus é freagrach as a roinn eitiltí. Bhí sé ina phríomhoifigeach airgeadais le DHL Worldwide ó 2002 go 2004 agus ina chomhalta de choiste feidhmeannach Deutsche Post AG i 2004 tar éis do Deutsche Post AG DHL a cheannach. Tá taithí leitheadach ag Christoph sa réimse eitlíochta, mar gheall ar na poist shinsearach a bhí aige le Daimler Benz Aerospace, mar leas-uachtarán feidhmeannach ag Lufthansa AG agus mar phríomhoifigeach feidhmiúcháin le Sabena Group. I mí na Nollag 2011, ceapadh Christoph ar bhord Thurasóireacht Éireann; agus i 2013, ceapadh é ina chathaoirleach ar An Post. Tá MBA aige ó Ollscoil Cologne agus ina dhiaidh sin rinne sé clár ardbhainistíochta sa Harvard Business School.

Elaine Murphy: Bialannaí agus bainisteoir imeachtaí a bhí inti. Tar éis di staidéar a dhéanamh ar stair agus socheolaíocht i gColáiste na Tríonóide Baile Átha Cliath agus ar cheoleolaíocht i gColáiste Ceoil Bhaile Átha Cliath, bhí sí ina bainisteoir ginearálta ar na bialla gradamúla 101 Talbot, Mermaid Café agus Il Primo sular oscail sí Moes le meirge Michelin i 2000 agus The Winding Stair i 2006. Bhí sí ag obair i gclár meantóireachta agus ambasadóra le Fáilte Éireann agus le Turasóireacht Éireann agus tá cáil uirthi mar scríbhneoir/critic bia agus bialanna le haghaidh Time Out, Totally Dublin, Food and Wine agus go leor irisí trádála. Bhí sí ina hionadaí dearbhú cáilíochta le haghaidh Good Food Ireland ó cuireadh ar bun é agus faoi láthair tá sí ina húinéir/stiúrthóir agus ina bainisteoir ginearálta ar The Grand Social agus The Winding Stair i lár Chathair Bhaile Átha Cliath.

Denis Cregan. Tá Denis Cregan ina Chathaoirleach faoi láthair ar Aerfort Chiarraí agus ar One51 plc. Is iar-stiúrthóir é ar Kerry Group PLC; céimí de chuid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh; agus roimhe seo bhí sé ag obair leis Roinn Airgeadais, Express Foods, Grand Metropolitan Hotels agus Kerry Group mar a raibh sé ina bhall den bhfoireann bainisteoireachta agus ina stiúrthóir feidhmeannach go dtí go ndeachaigh sé ar scor.

Howard Hastings. Tá an Dr. Howard Hastings ina stiúrthóir bainistíochta ar Hastings Hotels. Ceapadh é mar chathaoirleach ar Bhord Turasóireachta Thuaisceart Éireann i mí Eanáir 2009. Is stiúrthóir é de Merrion Hotel (a bhfuil úinéireacht 50% ag Hastings Hotels air) agus bhí sé ina chathaoirleach ar Bhord Gobharnóirí Rockport School Ltd. Le linn na 1990í bhí sé ina chathaoirleach ar an Institute of Directors i dTuaisceart Éireann agus ina chathaoirleach bunaigh ar Chónaidhm Óstáin Thuaisceart Éireann. Bhí Howard ina bhall de bhord gobharnóirí Castlereagh College chomh maith agus ina chomhalta Boird de chuid Business in the Community agus ar Bhord Comhairleach Bhanc na hÉireann. I measc na gceapachán poiblí a bhí aige roimhe seo bhí tréimhse le Turasóireacht Éireann (2000-2007), an Ghníomhaireacht Oiliúna agus Fostaíochta, Investors in People, an Tascfhórsa New Deal agus an Chomhairle Oiliúna Turasóireachta agus Fáilteachais. Tá Howard ina chomhalta den Institute of Chartered Accountants of England and Wales. Tá céim sa dlí aige ó Ollscoil Nottingham agus céim máistir agus dochtúireacht onórach ó Ollscoil Uladh.

John Healy. Tá John Healy ina stiúrthóir ar Abbey Tours, an tionscnóir turais isteach is mó in Éirinn, a láimhseálann cuairteoirí go hÉirinn gach bliain ó níos mó ná 40 margadh iasachta. Tá eolas leitheadach aige ar thionscal na turasóireachta, le taithí breis is 25 bliana ag leibhéal sinsearach. Tá sé ina iarchathaoirleach ar ITIC - Cónaidhm Tionscal Turasóireachta na hÉireann, an comhlacht ionadaíoch is tábhachtaí atá ag an tionscal turasóireachta in Éirinn. Chaith sé tamall mar uachtarán ar Incoming Tour Operators Association-Ireland agus bhí sé ina bhall den bhFóram Turasóireachta Gnó. Is comhalta é de Chumann na gCuntasóirí Cairte (FCCA).

Shaun Quinn, príomhfheidhmeannach Fáilte Éireann, an tÚdarás Náisiúnta um Fhorbairt na Turasóireachta. Sular ceapadh é i 2003, bhí sé ina phríomhfheidhmeannach ar CERT, an ghníomhaireacht oiliúna turasóireachta a bhí ag an Stát. Chuaigh sé le CERT ó Bhord Bia mar a raibh post aige mar stiúrthóir pleanála straitéiseach agus ina dhiaidh sin, mar cheann margáíochta.

Derek Reaney as Droichead an Phlum i dTír Eoghain. Tá post aige mar oifigeach forbartha le Gníomhaireacht na hUltaise. Bhí sé ag obair roimhe seo mar bhainisteoir ar thionscadal síochána agus athmhuintearais trasteorann, ag obair le pobail tuaithe san Iarthuaisceart. Tá níos mó ná 15 bliain caite aige ag obair san earnáil phobail agus bhí sé rannpháirteach go háirithe in obair forbartha le pobail imeallaithe agus i dtacaíocht do thionscadail chultúrtha. Bhí sé ina bhall de Chomhpháirtíocht Straitéise Áitiúil an tSrath Bháin agus chaith sé seal ar Bhord Chomhpháirtíocht Infheistíocht Sláinte an Iarthuaiscirt agus ar Ghrúpa Gníomh Áitiúil an Iarthuaiscirt san ARC. Tá sé ina stiúrthóir ar Chomhar Creidmheasa Mourne Valley sa Bhaile Nua, Co Thír Eoghain.

David Rodway. Is comhairleoir muirí ar scor é David Rodway. Le linn a shaol gairme, i ndíolacháin agus margaíocht den chuid is mó (ocht mbliana san Aráib Shádach san áireamh), bhí sé ina bhainisteoir stiúrtha chomh maith ar chuideachta do Bharshaothraithe i Loch Cairlinn ó 1990 go 1999 agus tar éis dó dul ar scor, lean sé ar aghaidh mar chomhairleoir páirtaimseartha teicniúil. Bhí David ar Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste ó 2005 go 2011 agus ar chomhlachtaí poiblí éagsúla; lena n-áirítear bord Choláiste Belfast Metropolitan. Bhí sé freisin ar bhoird Bhiúró Cuairteoirí agus Comhdhála Bhéal Feirste agus tá sé ar bhord an Nomadic Trust (comhlacht atá i mbun athchóiriú iomlán ar bhád farantóireachta a d'fhreastail ar an Titanic as Cherbourg).

Forléargas ar na Margáí

Déanann an Roinn Margaíochta forbairt agus feidhmiú ar phleananna margaíochta iasachta sa Bhreatain, i Meiriceá Thuaidh, ar Mhór-Roinn na hEorpa agus san Astráil agus i Margáí Forbraíochta. Cuireann foirne Turasóireacht Éireann i 13 oifig margaidh agus ionadaithe i naoi réimse margaidh eile cláir chuimsitheacha gníomhaíochta i gcrích atá deartha chun tomhaltóirí thar lear a spreagadh agus a mhealladh chun oileán na hÉireann a roghnú le haghaidh saoire. Bíonn an rannóg ag obair freisin le fás breise a bhaint amach do Thuaisceart Éireann agus cabhrú lena chumas turasóireachta a bhaint amach; tá foireann chómhargaíochta ann chomh maith atá freagrach as bainistíocht a dhéanamh ar idirghníomhaíocht agus comhinfeistíocht Thurasóireacht Éireann le comhpháirtithe sa tionscal, agus as poiblíocht thar lear.

An Bhreatain

Chuir Turasóireacht Éireann torthaí an tionscadail GB Path to Growth i bhfeidhm trí chlár leitheadach de ghníomhaíocht fógraíochta i rith na bliana 2013. Tar éis taighde leitheadach a dhéanamh ar an tomhaltóir Briotanach aithníodh dhá dhream ar leith mar phríomhfhócas: Fuinnmheoirí Sóisialta (óg, tugtha don spraoi, lucht eachtraíochta uirbeach) agus Fiosróirí Chultúrtha (daoine os cionn 45 ar mian leo taiscéalaíocht nua tírdhreacha, staire agus cultúir a dhéanamh). I rith na bliana, bhí comharthaí téarnaimh le feiceáil i ngeilleagar na Breataine; d'athnuaigh sé seo muinín na dtomhaltóirí agus le spriocdhíríú beachtaithe Thurasóireacht Éireann mhéadaigh líon na gcuaríteoirí ón mBreatain go hoileán na hÉireann in 2013. Rinneadh feachtas nua fógraíochta a fhorbairt le díriú ar dán phríomhrannóg, ag cur béime ar réimse taithí suntasacha atá á dtairiscint i gcathracha agus i réigiúin ar fud an oileáin. Rinneadh fógraíocht ar an teilifís, raidió, ar líne, faoin aer i gcló agus i bhfís ar éileamh, chomh maith le margaíocht in innil chuardaigh. Taispeánadh 48 uair an chloig d'imeachtaí i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste i bhfeachtas nuálach sna meáin shóisialta.

Seoladh Tionól na hÉireann ar fud na Breataine, le turais ó airí a chuaigh i dteagmháil leis an diaspóra áitiúil agus le ceannairí gnó i Londain, Birmingham, Manchain, Leeds agus Glaschú. Ba é Tionól Mhaigh Eo i Manchain an buaicphointe. Tugadh an-phoiblíocht do Thuaisceart Éireann sna himeachtaí go léir agus bhí Doire Cathair Chultúrtha RA ina théama tosaigh i rith 2013. Mar chuid d'oidhreacht G8, choimisiúnaigh Turasóireacht Éireann clár teilifíse le béim a chur ar Fhear Manach agus ar na heispéiris iontacha atá ar tairiscint inti, arna chur i láthair ag pearsa Thuaisceart Éireann Gloria Hunniford. Cuireadh béim ar Thuaisceart Éireann mar áit iontach gnó i sraith altanna urraithe sa Daily Telegraph; dhírigh na sleachta ar athbheochan Thuaisceart Éireann, ar Titanic Belfast, turasóireacht agus bia, cibearshlándaíl agus rath an tionscal scannánaíochta i dThuaisceart Éireann.

Eagraíodh clár gníomhaíochta ar fud na tíre le linn na Féile Pádraig, lena n-áirítear dath glas a chur ar láithreacha áirithe ar nós an London Eye, gníomhaíocht ar na meáin shóisialta, agus urraíocht ar bhál agus ar pharáid Lá Fhéile Pádraig i Londain. Cinntíogh clúdach dearfa de luach €40m/£32.8m i luach coibhéiseach fógraíochta (EAV) le clár lán poiblíochta a bhí dírithe ar na rannóga tábhachtacha nua. Gineadh an-chuid clúdaigh sna meáin le Doire Cathair Chultúrtha RA agus Tionól na hÉireann i meáin náisiúnta na Breataine. Chonaic timpeall 4.5 milliún duine ar fud na Breataine íomhána d'oileán na hÉireann ar ITV, i sraith príomh-ama ocht seachtaine, James Nesbitt's Ireland. Méadaíodh an fócas ar na meáin dhigiteacha, agus tugadh cuireadh do bhlagadóirí agus lucht Instagram teacht ar cuairt.

I measc na ngníomhaíochtaí a bhí ag Turasóireacht Éireann leis an tionscal taistil a spreagadh faoin chlárú, pacáistiú agus díol an cheann scríbe bhí feachtais le tionscnóirí turas traidisiúnta agus ar líne ar nós Superbreaks, Expedia agus lastminute.com. Eagraíodh clár iomlán d'fhógraíocht chomhoibríoch le hiompróirí a fhreastalaíonn ar bhealaí chuig oileán na hÉireann. Leanadh ar aghaidh le ceardlanna agus cuairteanna rathúla taithíochta le tionscnóirí turas cóiste agus grúpa i 2013; agus eagraíodh roinnt imeachtaí trádála agus tomhaltóirí ar fud na Breataine.

Aithníodh comhpháirtíochtaí le brandaí neamhthurasóireachta a bhfuil spéis ag na rannóga nua tomhaltóirí iontú mar dheis nua sa Bhreatain in 2013; tugadh faoi fheachtais fógraíochta le comhpháirtithe ar nós Walkers Crisps, Diageo/Bushmills agus Kerrygold.

Meiriceá Thuaidh

I mí na Nollag, chuir muid fáilte roimh an 1,000,000ú cuairteoir Meiriceánach chuig oileán na hÉireann, Leonie Higgins, agus a fear céile Jim; tá siad sa phictiúr le Brian Desmond, Bainisteoir Dualgais Aer Lingus, JFK (ar clé) agus Alison Metcalfe, Turasóireacht Éireann (ar dheis).

Bliain curiarrachta ba ea 2013 don turasóireacht chuig oileán na hÉireann ó Mheiriceá Thuaidh, ag sárú an bhliain curiarrachta roimhe seo, 2007. Go sonrach, d'fháiltigh muid roimh níos mó ná milliún cuairteoir ó **SAM**, a chaith timpeall US\$1bn. Chabhraigh méadú 26% in acmhainn aeir an bhuaicshéasúir, agus clár leitheadach bríomhar ilchainéal margaíochta a chuir béim bhreise ar Thionól na hÉireann 2013 agus ar Dhoire Cathair Chultúrtha RA leis an bhfás seo.

Cuireadh béim bhreise ar mhargaíocht dhigiteach, tosaíochtaí breise do fheachtais míonna gualainne agus forbairt thograí nua dírithe ar thaistealaithe óga i SAM, sa phlean do SAM, tar éis athbhreithniú straitéiseach a dhéanamh ar an margadh.

Bhí feachtas fógraíochta Thurasóireacht Éireann, '*Jump into Ireland*' dírithe ar níos má ná 150 milliún Meiriceánach san earrach agus sa bhfómhar. Bhí fógraí clóite i bhfoilseacháin éagsúla ardphróifíle taistil agus stíl mhaireachtála, lena n-áirítear na hirisí Travel + Leisure, Food & Wine agus AFAR. Sroicheadh 30 milliún taistealaí ionchasach breise le feachtas coicíse náisiúnta ar theilifís chábla i Nua Eabhrac, Bostún agus Chicago, i mí Dheireadh Fómhair, le fógraí 30 soicind eagraithe timpeall ar dhrámaí, agus cláir mhóréilimh cainte agus cluichíochta. Seachadadh 40 milliún taispeáint (deiseanna feiceála) le feachtas nua fógraíochta digiteach a dhírigh ar 'thaistealaí neamhspleách níos óige', le tacaíocht ó chlár fógraíochta ar líne.

Eagraíodh clár leitheadach fógraíochta trádála agus tomhaltóirí leis an Tionól a chur chun cinn. Shroich na feachtais timpeall 13 milliún Meiriceánach le hoidhreacht Éireannach - trí ardáin raidió, cló agus digiteacha lena n-áirítear meáin dhigiteacha; agus clár spriocdhírithé díolacháin chuig eagraíochtaí tábhachtacha gnó, cultúrtha agus daonchairdiúla Gael-Mheiriceánacha a lean ar aghaidh ar feadh na bliana. Bhí feachtais fógraíochta cló agus trádála ann le Doire Cathair Chultúrtha RA a chur chun cinn; margaíocht ríomhphoist chuig 250,000 Meiriceánach de shliocht Albanach-Éireannach, ag tabhairt cuireadh dóibh teacht agus aithne a chur ar thír a sinsear; agus bhíothas i láthair ag na *Stone Mountain Highland Games* in Atlanta chomh maith.

Tugadh faoi ghníomhaíocht cómhargaíochta leis na haerlínte go léir atá ag freastal ar Bhaile Átha Cliath, Béal Feirste agus an tSionnain. I measc gníomhaíochtaí eile le comhpháirtithe bhí seónna tomhaltóirí, ceardlanna, seimineáir gréasáin agus turais taithí agus eolais. Tugadh faoi mhisean díolacháin go California, faoi cheannas an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Leo Varadkar TD, le fógraíocht a thabhairt don tseirbhis nua ó San Francisco go Baile Átha Cliath.

Thug níos mó ná 200 iriseoir as Meiriceá cuairt ar oileán na hÉireannar chuireadh ó Thurasóireacht Éireann i 2013,, agus chruthaigh siad leibhéal cumhdaigh nár sáraíodh cheana de luach cóibhéiseach fógraíochta measta de timpeall €145m/£118.9m i luach coibhéiseach fógraíochta. Ghnóthaigh Turasóireacht Éireann comhdháil chluíteach na scríbhneoirí Travel Classics don oileán, le heagarthóirí ó fhoilseacháin ar nós Saveur, Condé Nast Traveler agus National Geographic Traveler i láthair; agus an Travel Bloggers Exchange (TBEX) i mí Dheireadh Fómhair a raibh na céadta scríbhneoirí agus blagadóirí ar líne as Meiriceá ag freastal air. Bhí cuairt an iriseora Richard Bangs ar cheann de bhuaicphointí eile na bliana, agus bhí a thuairiscí físe ar shuímh ghréasáin an Huffington Post agus Orbitz; agus cuairt fhoireann teilifíse ón Daily Buzz, clár nuachta bricfeasta a chraoltar ar 180 stáisiún ar fud SAM.

Chuir Turasóireacht Éireann níos mó ná 3,000 deis fógraíochta ar fáil d'oileán na hÉireann agus do chomhpháirtithe turasóireachta margadh-bhunaithe lena n-eispéireas agus a seirbhísí a fhógairt ar fud SAM.

Bhí fás láidir ann ó **Ceanada** freisin in 2013. Tugadh faoi chlár leathnaithe margaíochta, le breis gníomhaíochta sa dara leath den bhliain, le héileamh taistil a spreagadh le linn 2014, tar éis gur fógraíodh seirbhísí nua aeir don bhliain iomlán. Reáchtáladh feachtais fógraíochta dhigiteacha ar láithreacha tábhachtacha taistil ar nós Expedia agus Frommers ag seachadadh os cionn deich milliún taispeánadh (deiseanna feiceála). Díríodh ar níos mó ná ceithre mhilliún Ceanadach ar líne, le tairiscintí speisialta ó chomhpháirtithe sa tionscal in oileán na hÉireann. Thug daichead iriseoir as Ceanada - lena n-áirítear foirne teilifíse as Canada AM, The Travel Guys agus an Discovery Channel - cuairt ar oileán na hÉireann i rith na bliana 2013, agus cruthaíodh poiblíocht le luach measta de €10m/£8.2m. Rinne Turasóireacht Éireann urraíocht ar 'Ghairdín Tionóil' ag an taispeántas gairdíní agus bláthanna is mó i gCeanada; bhuaigh sé 'Gradam Rogha an Phobail' don ghairdín is fearr ar fad agus rinneadh fógraíocht air i measc os cionn 200,000 tomhaltóir in Ontario, agus ar fud Ceanada le craolta beo teilifíse ón ngairdín, ar an Weather Network agus ar CP24, stáisiún nuachta 24 uair Toronto. I measc na gcomhpháirtithe ag Canada Blooms bhí an National Trust agus Plantsman Garden Tours, a cuireadh faoi agallamh ar CP24 agus ar Breakfast Television, ag cur an taithí saoire i dTuaisceart Éireann chun cinn i measc níos mó ná milliún Ceanadach.

Mór-roinn na hEorpa

Bhí feachtas fógraíochta teilifíse sa **Ghearmáin** den cheathrú bliain as a chéile, chomh maith le feachtais ar líne agus i bpictiúrlanna. Tháinig méadú 16% ar líon na gcuariteoirí chuig an suíomh idirlín Gearmánach de ireland.com, chomh maith le 151,000 atreorú go suímh idirlín tríú pháirtí ár gcomhpháirtithe. Bhí fógraíocht chlóite, raidió agus ar líne san áireamh sna feachtais chomhoibritheacha clóite, raidió ar líne agus faoin aer le mór-iompróirí ar nós Aer Lingus, Germanwings, Ryanair agus Irish Ferries. Eagraíodh feachtais dhíreacha margaíochta agus comhfhógraíochta i bpáirt le DERTOUR, TUI Wolters agus tionscnóirí turais ar líne ar nós Opodo agus Ab in der Urlaub. Bhain Turasóireacht Éireann úsáid as an Tionól agus as Doire Cathair Chultúrtha RA le béim a chur ar an réimse leathan nithe atá le feiceáil agus le déanamh ar fud oileán na hÉireann agus le fonn láidir a chothú le cuairt a thabhairt in 2013. Chruthaigh tograí poiblíochta cumhdach arbh fhiú níos mó ná €30m/£24.6m é; agus le feachtais ar na meáin shóisialta d'fhás lucht tacaíochta Facebook sa Ghearmáin go níos mó ná 130,000 faoi dheireadh na bliana. Díríodh i gcónaí ar rannpháirtíocht an tionscail, agus bhain níos mó ná 385 comhpháirtí tionscail leas as na hardáin fhógraíochta sa mhargadh.

Sa **Fhrainc**, reáchtáladh feachtas náisiúnta teilifíse i mí Feabhra agus mí Mhárta, a shroich 17.7 milliún cuairteoir ionchasach, agus bhí fógraí teilifíse mar fhíseáin ar roinnt suímh ghréasáin thábhachtacha chomh maith. Tugadh faoi chomhfheachtais leis na hiompróirí Ryanair, Aer Lingus, Irish Ferries agus Brittany Ferries; chomh maith le comhpháirtithe ar nós Vacances Transat agus B&B Ireland agus le gníomhairí taistil ar líne ar nós Opodo, Ebookers agus Voyages-sncf. Cuireadh béim ar Thuaisceart Éireann agus ar Dhoire Cathair Chultúrtha RA, An Tionól, an cósta thiar agus saoire cathrach i mBaile Átha Cliath, Béal Feirste agus Corcaigh i bhfeachtais eile. Seoladh Slí an Atlantaigh Fhiáin do ghníomhairí tábhachta taistil na Fraince i mí Mheán Fómhair agus do thomhaltóirí i mí na Nollag le feachtas nua clóite, ar líne agus i bpictiúrlanna. Thug timpeall 140 iriseoir Francach cuairt ar oileán na hÉireann i 2013, agus gineadh cumhdach curiarrachta de luach timpeall €11m/£9.02m, le dhá chlár mór príomhama agus eagrán dílsithe den iris Geo. Rinne Turasóireacht Éireann urraíocht ar an surfálaí eitleoige Bruno Sroka don chéad thuras riamh ón Fhrainc go hÉirinn ar chlár seoil eitleoige; b'fhiú níos mó ná €500,000/£410,000 an cumhdach a fuarthas. Eagraíodh ceithre cheardlann trádála in aerfoirt ar fud na Fraince a bhfuil rochtain dhíreach acu ar oileán na hÉireann. Agus i measc na n-imeachtaí d'Fhéile Phádraig bhí feachtais fógraíochta leis an ghrúpa as Tuaisceart Éireann Two Door Cinema Club.

I measc na mbuaicphointí san **Iodáil** bhí feachtas comhnasctha allamuigh, digiteach agus raidió, ag díriú ar na rannóga Iodálacha Fuinnmheoirí Sóisialta agus Fiosróirí Cultúrtha; bhí tacaíocht aige seo ó chomhfheachtais le tioncsnóirí turas ar líne agus le haerlínte. Le méadú i ngníomhaíocht sna meáin shóisialta d'fhág lucht leanúna Iodálach Facebook go 123,000 (+156%); bhí app Facebook a dhírigh ar dhaoine fásta óga a spreagadh le staidéar a dhéanamh ar Bhéarla in Éirinn, a mheall níos mó ná 12,000 lucht leanúna nua agus 4,600 iontráil ar chomórtas speisialta. B'fhiú an phoiblíocht dhearfa iomlán a gnóthaíodh d'oileán na hÉireann timpeall €12.7m/£10.41m. Seoladh Slí an Atlantaigh Fhiáin do lucht trádála taistil na hIodáile ag TTG, an t-aonad Gnó le Gnó is tábhachtaí san Iodáil, i mí Dheireadh Fómhair. Thosaigh Turasóireacht Éireann san Iodáil ag ulmhú don Grande Partenza nó 'Mórthosach' an Giro d'Italia, le 'carbhan' brandaithe go speisialta ag taisteal tríd an Iodáil le Giro na bliana 2013, agus bhí sé i láthair ag na bailte tosaigh agus deiridh de gach ceann de 21 céim an ráis, agus dáileadh 55,000 bróisiúr agus faisnéis faoi laethanta saoire ar oileán na hÉireann. Tugadh cuireadh do lucht teagmhála tábhachtacha sna meáin rothaíochta agus stíl mhaireachtála teacht ar cuairt; agus rinne Turasóireacht Éireann óstáil ar ócáid do 50 príomh-mheán tar éis céim Vicenza de Giro 2013. I mí Dheireadh Fómhair, d'fhreastail Aire Fiontraíochta Trádála agus Infheistíochta Thuaisceart Éireann, Arlene Foster, ar sheoladh an Giro d'Italia 2014 agus ar ócáid líonraithe faoi óstáil ag Turasóireacht Éireann do 600 iriseoir.

Sa **Spáinn**, cuireadh oileán na hÉireann ar scáileáin teilifíse den chéad uair le comhfheachtas le Rumbo (gníomhaire mór taistil ar líne). Bhí feachtais chlóite agus dhigiteacha i gcomhar le hAer Lingus, Ryanair agus Iberia Express, agus leis na gníomhairí taistil ar líne Logitravel agus eDreams i measc na gcomhghníomhaíochta i rith 2013. Chuaigh Turasóireacht Éireann i bpáirt le ceann de na brandaí is mó sa Spáinn, craobh taistil an fhathach miondíola El Corte Inglés, ar fheachtas ardfeiceálach trí sheachtain ar an metro; cuireadh 90 fógra cláir ar taispeáint go follasach i stáisiúin metro ar fud Madrid agus chonaic timpeall 1.5 milliún comaitéir sa lá iad.

Bhí fógraíocht chlóite agus raidió ann chomh maith le fógraí sna stóir a bhí dírithe ar lucht siopadóireachta in ilstóir El Corte Inglés agus a ngníomhairí taistil ar fud na Spáinne. Le ngníomhaíocht leitheadach sna meáin shóisialta d'fhás lucht leanúna Facebook Turasóireacht Éireann go 133,000; d'fhás lucht leanúna Twitter go os cionn 9,000 faoi dheireadh na bliana. Cuireadh feachtas soghluaiste ar bun den chéad uair, le fógraí ar fhóin chliste agus taibléid, agus chuir sé seo, agus feachtais dhigiteacha eile i rith na bliana, le méadú 34% sna cuairteanna ar shuíomh gréasáin Spáinneach Ireland.com.

Cuireadh an-bhéim ar phoiblíocht san **Ísiltír** agus sa **Bheilg** i 2013, tháinig 1-7 iriseoir ar cuairt, agus chruthaigh siad luach ciobhíseach fógraíochta de €4m/£3.3m. Rinneadh comhfheachtais fógraíochta le mórthionscnóirí turais agus le hiompróirí ar nós Aer Lingus, eadyJet agus Ryanair. Chuaigh cúig chomhpháirtí déag ó oileán na hÉireann i bpáirt le Turasóireacht Éireann sa chéad cheardlann bhliantúil don tionscal turasóireachta in Amsterdam, bhuail siad le 50 ball tábhachtach de thionscal taistil na hÍsiltíre agus rinne siad gnó leo. Cuireadh an-bhéim ar ghnó comhdhála cumainn sa Bheilg. D'fhás lucht leanúna na hÍsiltíre agus na Beilea ar Facebook go 78,500 duine faoi dheireadh na bliana mar gheall ar ár ngníomhaíocht ar na meáin shóisialta.

D'fhreastail fiche a haon teagmháil thábhachtach taistil ón réigiún **Nordach** ar cheardlann lae le Turasóireacht Éireann i mBaile Átha Cliath, *'The Return of the Vikings'* mar a tugadh uirthi, agus bhuail siad le 25 comhpháirtí tionscail as oileán na hÉireann le gnó a dhéanamh leo. Tháinig níos mó ná 70 iriseoir Nordacha i rith na bliana, agus chabhraigh siad le cumhdach de luach €3.7m/£3.03m nó mar sin a chruthú don cheann scríbe; bhí cumhdach leitheadach ar Dhoire Cathair Chultúrtha RA agus Tionól na hÉireann san áireamh. Déantar feachtais chómhargaíochta i bpáirt le mór-oibritheoirí turais agus iompróirí, lena n-áirítear Aer Lingus, Norwegian agus Ryanair. Cuireadh an galf chun cinn trí chomhfheachtais, turais phreas agus a bheith i láthair ag comórtas Nordea Masters sa tSualainn. Le feachtais dhigiteacha d'fhás lucht leanúna Facebook go 36,000.

An Astráil agus Margaí Forbraíochta

I measc buaicphointí na bliana san **Astráil** agus sa **Nua-Shéalainn** bhí 'glasú' an Sydney Opera House agus Hyde Park Barracks i Sydney; an Council House agus an Bell Tower i Perth, agus an Sky Tower in Auckland le haghaidh Lá Fhéile Pádraig.

Cuireadh béim ar Thionól na hÉireann i bhfeachtais fógraíochta agus meán sóisialta san Astráil agus bhí Turasóireacht Éireann ag obair le hAmbasáid agus Consalacht na hÉireann le rannpháirtíocht na ndeoraí a spreagadh. Bhí Turasóireacht Éireann páirteach i dtiomsú Tionóil le téama rugbaí i dhá chlub i mBaile Átha Cliath, tar éis turas na All Blacks i mí na Samhna. Chuathas i mbun comhfheachtais san Astráil i gcomhar le comhpháirtithe tábhachtacha lena n-áirítear Etihad Airways, British Airways, KLM/AirFrance, Grúpa Taistil Flight Centre (Escape Travel, Flight Centre agus Travel Associates), Trafalgar, Insight, Jetset Travelworld Group agus STA Travel. Thug Turasóireacht Éireann faoi seacht gcomhfheachtas sa Nua-Shéalainn i rith na bliana.

Seoladh *Slí an Atlantaigh Fhiáin* don tionscal trádála taistil agus do lucht teagmhála sna meáin i mí Mheán Fómhair. I measc na mbuaicphointí poiblíochta bhí cuairt dhá fhoireann teilifíse ar oileán na hÉireann - The Gurus Explore, a bhí ag scannánú i dTuaisceart Éireann agus seó teilifís maidine Channel 9. B'fhiú os cionn €10m/£8.2m an phoiblíocht dhearfa a gineadh i meáin na hAstráile in 2013.

Agus le gníomhaíocht sna meáin shóisialta mhéadaigh lucht leanúna Facebook go níos mó ná 33,000.

Bhí 'glasú' na bPirimidí agus an Sfioncsa san Éigipt, agus dealbh Chríost an Slánaitheoir sa Bhrasaíl, i measc na mbuaicphointí i gceiliúradh Lá Fhéile Pádraig i 2013. Cuireadh an Tionól agus Doire Cathair Chultúrtha RA chun cinn sna margaí atá ag teacht chun cinn i Mol na hÁise, agus cruthaíodh poiblíocht dhearfa dar luach €1.3m/£1.07m. Chuir Turasóireacht Éireann béim chomh maith ar an Tionól agus ar oileán na hÉireann ar fud líonra bealaí Etihad Airways, le fógraí ar gach eitilt idir mí Bhealtaine agus mí na Samhna. Seoladh leaganacha áitiúla de shuíomh gréasáin Ireland.com sa **tSín**, san **India**, san **Afraic Theas** agus sa **GCC**, le leaganacha i Sínis agus in Arabais san áireamh.

San **India**, ainmníodh Éire mar 'an ceann scríbe is fearr atá ag teacht chun cinn' san iris Lonely Planet. Agus ar mhaithe le níos mó infheistíochta a mhealladh ó stiúrthóirí Bollywood, d'eagraigh Turasóireacht Éireann cuairt taithíochta do stiúrthóirí agus léiritheoirí móra Indiacha i mí Iúil. I mí Iúil chomh maith, d'eagraigh Turasóireacht Éireann a chéad seimineár faoin tSín i mBaile Átha Cliath, le cabhrú le comhpháirtithe sa tionscal as oileán na hÉireann a bhfuil spéis acu i ngnó a dhéanamh sa tSín iad féin a ullmhú don tSín; ina dhiaidh sin d'eagraigh Turasóireacht Éireann an misean díolacháin is mó agus is rathúla a bhí acu riamh chuig Beijing, Shanghai agus Guangzhou i mí na Samhna. San **Afraic Theas**, d'eagraigh Turasóireacht Éireann a chéad misean díolacháin le tamall de bhlianta, i gcomhar le cuairt an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Leo Varadkar, i mí na Samhna; agus d'eagraigh Turasóireacht Éireann fáiltiú rathúil don tionscal trádála turasóireachta i gcomhar le Invest Northern Ireland, le linn chuairt an Aire Fiontraíochta Trádála agus Infheistíochta Arlene Foster ar Pretoria i mí Mheán Fómhair. Sa GCC, bhí misean díolacháin Thurasóireacht Éireann in 2013 eagraithe le tarlú ag an am céanna le hócáidí agus ceiliúradh na Féile Pádraig, sa mhisean is rathúla go dtí seo agus fuarthas poiblíocht dhearfa den scoth d'oileán na hÉireann. I mí Bhealtaine, d'fhreastail Turasóireacht Éireann ar an Margadh Taistil Arabach den chéad uair le tamall de bhlianta.

Tuaisceart Éireann

I 2013, chuir Turasóireacht Éireann lena fheachtais rathúla ni2012 le poiblíocht a thabhairt do Thuaisceart Éireann ar fud an domhain. Sa Bhreatain, tugadh cuireadh do chuirteoirí ionchasacha i bhfógraíocht teilifíse agus ar líne 'Léim isteach i dTuaisceart Éireann' agus bhí Turasóireacht Éireann i bpáirt le hiompróirí le háirithinte go Tuaisceart Éireann a mhéadú i rith na bliana go léir.

Chruthaigh dhá ócáid idirnáisiúnta a rabhthas ag súil go mór leo, agus a raibh trí bliana caite á bpleanáil - Doire Cathair Chultúrtha RA agus Cluichí Domhanda na bPóilíní agus Lucht Dóiteáin - na deiceanna de mhílte oíche bhreise leapa. Thug an dá ócáid deis do Thurasóireacht Éireann aird an domhain a tharraingt ar Thuaisceart Éireann, trí theilifís, preas agus meáin shóisialta - agus tríd am méid a dúirt cuairteoirí sásta lena lucht aitheantais.

Tá Titanic Belfast ar cheann de na spriocanna ar gá do oibritheoirí cóistí ón iasacht teacht chucu, nuair nach raibh Béal Feirste ina gcláir acu roimhe seo le haghaidh stopadh thar oíche. Is mór an spreagadh é go bhfuil stopanna aon-oíche á méadú do dhá oíche ag tionscnóirí turas i dTuaisceart Éireann; agus dhá oíche á síneadh go trí.

Rinneadh tuilleadh forbartha ar infheistíocht Thurasóireacht Éireann i dtionscadail a chuaigh níos sia ná teachtaireachtaí díreacha turasóireachta le dul i bhfeidhm ar thuiscintí thar sáile i 2013. Cuireadh dlús leis an gcineál seo infheistíochta lenár stádas mar bhall bunaidh sa líonra nua atá dírithe ar an diaspora, NI Connections. Sheol an tAire Fiontraíochta, Trádála agus Infheistíochta, Arlene Foster, NI Connections i Nua Eabhrac i mí Mheán Fómhair; eagraíodh an seoladh i gcomhar le turas ceithe sheachtain an Lyric Theatre le Brendan Chelsea i Nua Eabhrac, a fuair urraíocht ó Thurasóireacht Éireann. Níos déanaí i mí Mheán Fómhair, d'eagraigh Turasóireacht Éireann seoladh NI Connections an GB i Londain. Tá sé beartaithe ag Turasóireacht Éireann níos mó leasa a bhaint as raon agus tionchar an líonra.

Agus comóradh caoga bliain á dhéanamh ar bhás CS Lewis, bhí deis eile ann le haird a dhíriú ar Bhéal Feirste, mar ar nochtadh cuimhneachán don údar a rugadh i mBéal Feirste, ag ócáid sa Poets Corner, Westminster Abbey, i Londain. Le clár gníomhaíochta, lena n-áirítear foilsiú an tsaothair *CS Lewis and the Island of His Birth*, fuarthas aitheantas idirnáisiúnta ar oidhreacht Lewis.

Aithníodh deiseanna poiblíochta a bhain le hócáidí spóirt agus rinne Turasóireacht Éireann infheistíocht i gclúdach craoltóireachta ó lasmuigh a dhírigh ar ár dtírdhreach trí rothaíocht, spórt móitair agus ócáidí gailf, agus chabhraigh sé sin le poiblíocht ar fud na hEorpa. Agus mar gheall ar cheangal láidir Thuaisceart Éireann le spórt móitair agus gluaisrothar, bhí Turasóireacht Éireann i láthair ag an British Superbike Championship agus an British Touring Car Championship.

Cómhargaiócht

Tá an fhoireann chómhargaióchta freagrach as bainistíocht a dhéanamh ar idirghníomhaíocht agus comhinfeistíocht Thurasóireacht Éireann le comhpháirtithe sa tionscal. Áirítear ina measc Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann, Turasóireacht Éireann, iompróirí aeir agus farraige, Cumann Tionscnóirí Turasóireachta na hÉireann, grúpaí margaíochta agus baill eile den tionscal ar fud an oileáin.

Is é suíomh idirlín na ndeiseanna tionscail an phríomhuirlis do chomhpháirtithe tionscail ar fud oileán na hÉireann le faisnéis a fháil faoin gcaoi is féidir leo comhoibriú le Turasóireacht Éireann lena ngnó a chur chun cinn agus a fhás thar lear. Bhí níos mó ná 2,500 deis ar fáil i 2013, ó dheiseanna gan chostas nó ar chostas íseal, go cláir chomhpháirtíochta níos leithedaí. Bhí fás foriomlán de 18% ar líon na ndeiseanna tionscail ar glacadh leo i 2013, le 11,176 comhpháirtí rannpháirteach ón tionscal as gach áit in oileán na hÉireann i ngníomhaíochtaí Thurasóireacht Éireann sa 12 margadh bairr. Cuireadh síneadh le Clár Gníomhaíochtú Tionscail Iasachta Thuaisceart Éireann i 2013 agus cabhraíodh le comhpháirtithe tionscail i dThuaisceart Éireann a bheith rannpháirteach in 21 aonach, ceardlann agus imeachtaí i 12 margadh thar lear.

D'infheistigh an earnáil tráchtála beagnach €7.7m/£6.3m i bhfeachtas faoi threoir comhpháirtithe, le cómhaoiniú ó Thurasóireacht Éireann in 2013 sna 12 margaí is tábhachtaí - méadú 37% ar 2012.

Poiblíocht Thar Lear

Ardaítear próifíl oileán na hÉireann mar ionad saoire trí phoiblíocht sna meáin spriocdhíríte thar lear, trí ghníomhaíocht leitheadach meán agus CP. Ar an iomlán, ghin gníomhaíochtaí poiblíochta Thurasóireacht Éireann níos mó ná 7,933 alt agus craoladh le linn 2012, le luach cóibhéiseach fógraíochta de os cionn €288.6m/£236.7m.

Tá cuairteanna ó na meáin ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí den chlár seo, atá á reáchtáil i gcomhar le Fáilte Éireann agus Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann. Thug Turasóireacht Éireann cuireadh do níos mó ná 1,500 ball de na meáin go hoileán na hÉireann i 2013, agus bhí luach cóibhéiseach fógraíochta de €81.8m/£67.1m sna hailt agus sna craoltaí a rinne siad.

Chomh maith le príomhtheachtairéacht an bhlanda a threisiú, díródh ar théamaí tábhachtacha ar leith sa phoiblíocht, le mórfhócas ar Thionól na hÉireann 2013 agus Doire Cathair Chultúrtha RA san áireamh in 2013.

I measc buaiceanna eile na bliana 2013 bhí an phoiblíocht dhomhanda a gineadh as an taighde a choimisiúnaigh Turasóireacht Éireann ar ghinealas Éireannach Tom Cruise agus bronnadh Teastas Oidhreachta Éireannach air ag an Tánaiste Eamon Gilmore le linn chuairt Cruise ar Bhaile Átha Cliath, i mí Aibreáin; mórfheachtas caidreamh poiblí agus poiblíochta le leas a bhaint as Cruinniú Mullaigh an G8 i bhFear Manach; agus óstáil bhabhta 'cuairteanna baile' X Factor na hIodáile, le scannánú ar na gclár i mBaile Átha Cliath agus i gCaisleán Sláine arbh fhiú timpeall €3.7m/£3.03m, é le lucht féachana teilifíse de 2 mhilliún nó mar sin ar fud na hIodáile.

Turasóireacht Ghnó

Rinne Turasóireacht Éireann an turasóireacht ón iasacht a chur chun cinn go leanúnach i rith na bliana, i gcomhar le Fáilte Éireann agus Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann. Eagraíodh clár gnóthach imeachtaí ardphróifíle, imeachtaí fógraíochta agus feachtais díolacháin, le béim ar éascaíocht rochtana, áiseanna iontacha agus rátaí dealuacha a bhí ar fáil le haghaidh cruinnithe agus comhdhálacha anseo agus le cáil an cheann scríbe mar gheall ar a thacaíocht gnó a fhógairt. Baineadh úsáid as Tionól na hÉireann, Cruinniú Mullaigh an G8, agus Doire Cathair Chultúrtha RA mar phointí treise i bhfógraíocht don turasóireacht gnó. Bhí an príomhfhócas ar chliant chorparáideacha, comhdhálacha cumann, cruinnithe corparáideacha agus taisteal dreasachta.

Sa Bhreatain, rinneadh fógraíocht i bhfoilseacháin speisialta corparáideacha, lena n-áirítear feachtais in irisí éagsúla in eilt; 'T'weetours' do lucht spéise na meán sóisialta ón earnáil turasóireachta gnó a bhí ag blagáil agus ag tuíteáil faoina gcuartheanna ar Bhaile Átha Cliath, Gaillimh agus Doire; gníomhaíocht ríomhphoist agus margaíochta díreach; freastal ar fhórait B2B i rith na bliana; chomh maith le rannpháirtíocht in ócáidí ar nós an Meetings Show i mí Iúil agus Venues and Events i mí Mheán Fómhair. Bhí rath ar chlár le treoracha a chruthú, trínar cuireadh 108 cumann náisiúnta agus idirnáisiúnta, ar aghaidh go Fáilte Éireann, Visit Belfast agus Visit Derry i rith na bliana. I mí na Samhna bhí ceardlann dár teideal 'Ireland Meets the West End' ar siúl i Londain mar ar tugadh 44 ceannaitheoir corparáideach agus dreasachta agus as an Bhreatain agus 40 comhpháirtí as oileán na hÉireann le chéile. Eagraíodh trí chruinniú MICE (cruinnithe, dreasachtaí agus imeachtaí) go Baile Átha Cliath, Béal Feirste agus Doire, ag cur béime ar ionaid agus óstáin oiriúnach le haghaidh earnáil na gcruinnithe agus dreasachtaí corparáideacha. Dhírigh Turasóireacht Éireann ar ghnó na gcomhdhálacha cumann, agus gineadh naisc le luach ionchasach timpeall €4m/£3.3m.

Sna Stáit Aontaithe, bhí clár cruthú nasc ann a chruthaigh timpeall 20 nasc cumann idirnáisiúnta, dreasachta agus corparáideacha taistil a cuireadh ar aghaidh chuig Fáilte Éireann, oifigí comhdhálacha réigiúnacha agus cuideachtaí bainistiú ceann scríbe atá bunaithe in Éirinn; freastalaíodh ar AIBTM (Taispeántas Dreasachtaí, Gnó, Taistil agus Cruinnithe Mheiriceá) i Siceágó agus ag an Successful Meetings University; agus clár imeachtaí líonraithe B2B 'Meet in Ireland' i mBostún agus Atlanta le comhpháirtithe gnó as oileán na hÉireann, ar ar fhreastail 50 pleanálaí cruinnithe agus dreasachtaí taistil. I measc na mbuaicphointí eile bhí fógraíocht i sainfoilseacháin; gníomhaíocht margaíochta ríomhphoist agus dhíreach dírithe ar níos mó ná 2,500 pleanálaí cruinnithe agus dreasachtaí taistil i Meiriceá; agus freastal ag IMEX America (Taispeántas Cruinnithe agus Imeachtaí Idirnáisiúnta) le 30 comhpháirtí as oileán na hÉireann.

Galf

Cuireann Turasóireacht Éireann an-bhéim i gcónaí ar an ngalf i ngach margadh, chun buntáiste a bhaint as imeachtaí ar nós an Irish Open ag Royal Portrush agus as an rath leanúnach atá ar Rory McIlroy, Darren Clarke, Graeme McDowell agus Pádraig Harrington. Thiomsaigh Turasóireacht Éireann clár leitheadach fógraíochta, i mórmhargáil galf ar nós na Breataine, SAM, na Gearmáine agus na Sualainne, le béim ar an Irish Open agus ar an ngalf den chéad scoth atá ar fáil ar fud oileán na hÉireann.

Sna Stáit Aontaithe rinne Turasóireacht Éireann athnuachan ar a fheachtas rathúil 'Home of Champions', dhá fhógra nua 30 soicind ar an Golf Channel agus ar Golfchannel.com le linn na mórchomórtais idir Aibreán agus Lúnasa, le 25 milliún de lucht féachana ar teilifís agus sé mhilliún tomhaltóir ar líne. Leathnaíodh clár gníomhaíochta preasa agus poiblíochta amach le himeachtaí meán ag an PGA Merchandise Show in Orlando agus ag an US Masters in Augusta; thug 23 iriseoir gailf Meiriceánacha cuairt ar oileán na hÉireann; agus fuarthas luach níos mó ná €3.5/2.9m de chlúdach sna meáin. Leathnaigh Turasóireacht Éireann, lena chomhpháirtithe tionscail, a láithreacht i gceithre imeacht PGA - an Honda Classic i bhFlorida, an AT&T National i New Jersey agus Barclays i New Jersey - mar ar tugadh poiblíocht dár dtáirge gailf den chéad scoth os comhair níos mó ná 200,000 cuairteoir ionchasacha gailf.

Forbhreathnú ar Mhargaíocht Láir

Cuimsíonn an Rannóg Margaíochta Láir na ranna seo a leanas: Cabhraíonn Forbairt cuidíonn Forbairt Straitéise agus Léargais chun treoir straitéiseach de chuid Turasóireacht Éireann a mhúnlú agus déanann sé taighde agus anailís ar threochtaí margaidh agus ar iompraíochtaí tomhaltóirí i margaí ar fud an domhain; oibríonn Rannpháirtíocht Chustaiméara agus Ríomh-mhargaíocht le foirne margaidh Thurasóireacht Éireann thar lear agus le soláthróirí tionscail araon le teagmháil dhíreach a dhéanamh le tomhaltóirí ar mian leo tuilleadh faisnéise a fháil faoi oileán na hÉireann mar cheann scríbe saoire; agus bainistíonn Cumarsáid Margaíochta forbairt, cur i bhfeidhm agus measúnú an chlár margaíochta do bhanda turasóireachta oileán na hÉireann, lena n-áirítear feachtais fógraíochta dhomhanda de chuid Turasóireacht Éireann; agus déanann an Roinn Ábhair bainistiú ar fhoinsiú agus ar ghiniúint inneachair tomhaltóra do láithreacha gréasáin, feachtais phoiblíochta srl; agus an Tionól, a bhí freagrach as an bhfógraíocht do Thionól na hÉireann 2013 thar lear.

Mórghnóthachan na bliana 2013:

Forbairt Straitéise agus Léargais

Soláthraíonn an fhoireann um Fhorbairt Straitéise agus Léargais treoir straitéiseach don eagraíocht agus don tionscal trí thaighde tomhaltóra agus léargais turasóireachta a sholáthar.

Rinneadh monatóireacht ar 'shláinte bhanda' iomlán agus ar íomhá oileán na hÉireann sa cheithre phríomh-mhargadh (An Bhreatain, SAM, An Ghearmáin agus An Fhrainc). Cuireadh measúnú iomlán ar mhargaí na Fraince agus na Gearmáine i gcrích, bunaithe ar thorthaí athbhreithniú a rinneadh ar mhargaí na Breataine agus SAM, agus leis sin bhí Turasóireacht Éireann ábalta leanúint ar aghaidh lena shamhail deighilt tomhaltóirí, a chlúdaíonn 80% dár gcuaríteoirí anois. Bhí forbairt ár gcumarsáid le tomhaltóirí, ag díriú ar na deighleáin is tábhachtaí, faoi threoir ag taighde margaidh; agus chabhraigh buntaighde breise le Turasóireacht Éireann na gnéithe sonracha sin den eispéireas turasóireachta a sháraigh ionchais na gcuaríteoirí, nó ar theip orthu iad a shroicheadh. Rinneadh plean corparáideach Thurasóireacht Éireann don tréimhse 2014-2016 a fhorbairt agus a chur faoi bhráid Chomhairle Thuaidh Theas na nAirí. Rinneadh an-chuid comhairliúcháin i rith an phróisis, le comhpháirtithe iomadúla sa tionscal, Fáilte Éireann agus Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann.

Rannpháirtíocht Chustaiméara agus Ríomh-mhargaíocht

I rith na bliana 2013, lean Turasóireacht Éireann ar aghaidh leis an infheistíocht i réimse na Ríomh-mhargaíochta agus mealladh beagnach 13.5 milliún cuairt uathúil chuig foireann suímh ghréasáin Ireland.com. Thug Ireland.com inspioráid agus faisnéis do chuaríteoirí ionchasacha thar lear agus atreoruithe chuig comhpháirtithe turasóireachta. Tá sé ar fáil in ndeich teanga éagsúil agus i níos mó ná 30 margadh ar leith. Is suíomh iomlán freagrúil é, agus faoi dheireadh na bliana bhí os cionn aon trian dá chuaríteoirí ag teacht air le fóin chliste nó táibléid.

Lean Turasóireacht Éireann ar aghaidh le margadh na meán sóisialta leathnú i 2013, agus bhí lucht leanúna na heagraíochta ar Facebook dúbailte go dhá mhilliún agus breis ó 2012, rud a fhágann gurb é Turasóireacht Éireann an tríú bord turasóireachta is mó éilimh ar domhan, tar éis na hAstráile agus SAM, ar an suíomh móréilimh líonrú sóisialta seo. I measc na dtograí tábhachtacha a chabhraigh le lucht leanúna domhanda Thurasóireacht Éireann ar Facebook bhí seoladh leathanach saincheaptha 'Ireland Family History', le nascadh le daoine de shliocht Éireannach i mbliain an Tionóil; feachtas 'Belfast 48', ag díriú ar Fhuinnmheoirí Sóisialta sa Bhreatain; agus 'Greening Season 2013', feachtas speisialta do Lá Fhéile Pádraig. Mhéadaigh an ghníomhaíocht ar Twitter, Pinterest agus Google+ chomh maith in 2013, le méadú 83% in idirghníomhú sna meáin shóisialta.

Bunaíodh cainéal suntasach nua margaíochta, le 'margaíocht inneachair' ag tús na bliana 2013. Baineann an cur chuige seo leas as 'topaicí teo' agus comhrá sna meáin shóisialta, agus sroicheadh sé tomhaltóirí sula mbíonn siad ag smaoineamh ar oileán na hÉireann mar cheann scríbe saoire. Bíonn os cionn 92% de na cuairteoirí a fhaightear trí mhargaíocht inneachair nua do Ireland.com agus bhí suas le 500,000 cuairt uathu sa chéad naoi mí den oibriúchán. I measc na samplaí bhí fógraíocht do Chill Mhantáin agus Oscar á ghnóthú ag Daniel Day Lewis, chomh maith le feachtais bunaithe ar thograí ginealais Tom Cruise agus ar Dhoire Cathair Chultúrtha RA nuair a fógraíodh buaiteoir an Turner Prize.

I rith 2013, dhírigh Turasóireacht Éireann ar mhargaíocht dhíreach ríomhphoist, agus seoladh beagnach 60 ríomhphost chuig tomhaltóirí ar fud an domhain.

Cumarsáid Margaíochta

Cuireadh feachtas athnuaithe fógraíochta domhanda 'Jump into Ireland' ar bun i rith 2013, le teachtaireachtaí nua faoi Thionól na hÉireann agus Doire Cathair Chultúrtha RA. Le fógraíocht ar an teilifís, cineama, clóite, raidió agus na meáin dhigiteacha, tugadh ardán don cheiliúradh leanúnach bliana ar bhealach doshéanta, le fócas ar nádúr gliondrach tumthach an eispéireas saoire anseo, agus ag tabhairt cuireadh do dhaoine i ngach áit teacht ar cuairt le linn 2013.

Cuireadh feachtais nua d'oileán na hÉireann ar bun sa Bhreatain, ag díriú ar rannóga nua tomhaltóirí (Fuinmheoirí Sóisialta agus Fiosróirí Cultúrtha). Agus treochtaí i dtomhaltas meán ag síorathrú agus na meáin shóisialta agus dhigiteacha ag fás, d'eagraigh Turasóireacht Éireann trí fheachtas 'scéal scéil' i rith 2013. Bhí siad seo dírithe ar Lá Fhéile Pádraig, Tionól na hÉireann agus Doire Cathair Chultúrtha RA, le cur chuige dá chuid féin ag gach ceann acu ach an cuspóir céanna: inneachar doshéanta a chruthú le dul i dteagmháil le tomhaltóirí agus iad a spreagadh lena chomhroinnt lena gcairde. I dtreo dheireadh 2013, rinneadh feachtas nua Slí an Atlantaigh Fhiáin a fhorbairt, le seoladh in 2014.

Tionól na hÉireann 2013

Ceiliúradh taibhsiúil bliana ba ea Tionól na hÉireann 2013 ar gach gné d'Éirinn agus tugadh cuireadh do mhuintir na hÉireann Tionóil a eagrú le cuireadh a thabhairt do chairde, gaolta nó cuairteoirí ón iasacht a bheith páirteach. Fuarthas freagra láidir sa bhaile agus thar lear agus cruthaíodh timpeall 5,000 ócáid ar leith.

Bhí an Tionól i gcroílár chlár fógraíochta Thurasóireacht Éireann in 2013. Cuireadh atheagar ar chumarsáid teilifíse, clóite agus ar líne le béim a chur ar an mbliain, agus cinntíodh gur shroich teachtaireacht an Tionóil níos mó ná 200 milliún duine ar fud an domhain. Díríodh ar an diaspóra i bhfoilseacháin a bhaineann leis an bpobal Éireannach, i gcláir raidió agus ar shuímh ghréasáin; agus baineadh úsáid as fógraíocht, urraíocht agus poiblíocht leis an Tionól a chur chun cinn agus béim a chur ar ócáidí ar leith.

Cuireadh an Tionól chun cinn leis na meáin iasachta go léir a tháinig ar cuairt i rith na bliana, agus i gcomhar le poiblíocht Thurasóireacht Éireann sa mhargadh agus cláir caidreamh meán thar lear, gineadh cumhdach de luach €75m/£61.5m agus breis don togra.

Cruthaíodh sraith scannán gearra grinn, leis an bhfuirseoir Andrew Maxwell, le haird a dhíriú ar chineálacha éagsúla imeachtaí den Tionól. Tugadh poiblíocht do na scannáin ar líne agus bhí os cionn 3.2 milliún amharc orthu ar fud na domhain. Rinneadh fógraíocht leitheadach ar an Tionól freisin ar Ireland.com, ar shuímh ghréasáin tríú pháirtí agus i bhfeachtais meáin shóisialta Thurasóireacht Éireann ar feadh na bliana, agus sroicheadh 60 milliún duine agus breis. Rinne Turasóireacht Éireann poiblíocht ar leathanaigh Facebook 95 de na hócáidí Tionóil is mó chuig lucht féachana thar lear, agus cruthaíodh lucht leanúna de níos mó ná 180,000 cuairteoir ionchasach le teachtaireachtaí a fháil amach anseo.

Cruthaíodh láthair nua Facebook, 'Ireland Family History' le cabhrú le daoine a bhfréamhacha Éireannacha a fhiosrú agus le fógraíocht a thabhairt don réimse ollmhór ócáidí stair teaghlaigh a bhí ar bun don Tionól; bhí lucht leanúna de 200,000 aige faoi dheireadh na bliana. D'ainmnigh Turasóireacht Éireann 2013 mar 'Bhliain Stair Teaghlaigh' le béim a chur ar na deiseanna speisialta a chruthaigh an Tionól le haghaidh turasóireacht fréimhe.

Rinneadh cómhargaíocht le réimse leathan iompróirí agus tionscnóirí turas, le feachtais ar leith do Oíche Chinn Bhliana, Tradfest agus Tionól Riverdance, agus imeachtaí eile.

Eagraíodh ócáidí d'airí agus don Uachtarán thar lear, ag cur béime ar an togra do thomhaltóirí agus ag spreagadh an diaspóra le bheith rannpháirteach i dTionóil a eagrú in Éirinn. Trí idirghabháil le líonraí iasachta, bhí tionchar díreach ag Turasóireacht Éireann ar níos mó ná 550 Tionól, ag sárú na sprice a bhí leagtha síos acu.

Forbhreathnú ar Sheirbhísí Corparáideacha

Le linn na bliana 2013, lean Roinn na Seirbhísí Corparáideacha lena dtacaíocht d'fheidhmiú na bpleananna corparáideacha agus oibriúcháin ar fud na heagraíochta i raon feidhmeanna lena n-áirítear Cumarsáid Chorparáideach agus Tionscail, Airgeadas, Acmhainní Daonna agus Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFI).

Mórghnóthachan na bliana 2013:

Cumarsáid Chorparáideach agus Tionscail

Eagraíodh clár leitheadach cumarsáide le páirtithe leasmhara, leis an tionscal agus leis na meáin ar fud an oileáin i rith 2013 chun tuiscint ar ról Thurasóireacht Éireann i dturasóireacht agus i ngeilleagair an oileáin a fheabhsú.

Cuireadh tuarascálacha faoi dhul chun cinn, agus nuashonruithe oibriúcháin, ar fáil d'airí ón dá dhlínse ag cruinniú d'Fhormáid Earnáil na Turasóireachta na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas i mí Mheithimh.

Chlúdaigh idirchaidreamh laethúil le ranna, lena n-áirítear an Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta i dTuaisceart Éireann agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt sa Deisceart, socruithe agus mionteagaisc freisin maidir le cuairteanna a thug an dá aire ar imeachtaí thar sáile. Treisíodh an idirghabháil le Roinn an Taoisigh agus leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála le linn Uachtaránacht na hÉireann den AE sa chéad leath den bhliain - d'eagraigh muid ócáid poiblíochta do Thuaisceart Éireann i bParlaimint an AE sa Bhruiséili in onóir don uachtaránacht - agus mar ullmhú do Chruinniú Mullaigh an G8 i bhFear Manach agus cruinnithe éagsúla a rinne cinn rialtais go Baile Átha Cliath, i mí Mheithimh. Rinneadh socraithe agus cuireadh eolas ar fáil le haghaidh cuairteanna a thug an Taoiseach, Enda Kenny TD; Céad Aire Thuaisceart Éireann Peter Robinson MLA agus an Leas-Chéad Aire Martin McGuinness MLA, agus Uachtarán na hÉireann, Michael D Higgins ar na margaí. Bhí airí turasóireachta ón dá dhlínse páirteach i gcuairteanna poiblíochta, ar cuireadh uainne, chuig margaí sa Bhrasaíl, SAM agus Ceanada, sa Bhreatain, san Iodáil agus san Afraic Theas.

Mar chuid de chlár leitheadach cumarsáide agus imeachtaí sa tionscal bhí seó bóthair margaíochta agus ócáidí i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste le plananna margaíochta 2014 Turasóireacht Éireann a sheoladh. Eagraíodh sraith cruinnithe mionteagaisc chomh maith ar fud an oileáin do ghrúpaí agus d'ionadaithe an tionscail. Cuireadh clár oibre an Tascfhórsa Téarnamh Turasóireachta i gcrích, i gcomhar le ITIC, Fáilte Éireann, Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann agus ionadaithe ó phríomhearnála an tionscail, le hionchur ó ghrúpaí Comhpháirtíocht Margaíochta sa Bhreatain, i SAM, sa Ghearmáin agus sa Fhrainc.

Le clár gnóthach caidreamh meán rinneadh dul chun cinn suntasach i gclúdach ar líne agus as líne ar obair Thurasóireacht Éireann thar lear agus chabhraigh sé sin lenár dtuiscint ar ár ról i nuáil margaíochta agus ar ár gcion tairbhe i leith na turasóireachta agus an téarnamh eacnamaíochta. Bhí deis ag na meáin Éireannacha gníomhaíocht margaíochta Thurasóireacht Éireann a fheiceáil ar an láthair, trína rannpháirtíocht in ócáidí poiblíochta thar lear.

Fuarthas roinnt iarratas um shaoráil faisnéise agus tugadh freagra orthu de réir an Chód Cleachtais um Shaoráil Faisnéise mar atá aontaithe ag an gComhairle Aireachta Thuaidh Theas.

Acmhainní Daonna

Cuireadh tús le tionscadal ailíniú acmhainní eagrúcháin in 2013, le cinntiú go mbainfi an leas is fearr as imlonnú foirne agus go ndéanfaí scileanna a fhorbairt, le freastal ar fhócas athraithe Phlean Corparáideach 2014-2016. Baineann dúshlán i gcónaí le go leor acmhainní a fháil chun cláir uaimhianacha oibre a sheachadadh.

Leanadh ar aghaidh le cur i bhfeidhm chéimiúil straitéis bainistiú tallainne Thurasóireacht Éireann in 2013. Tá an straitéis dírithe ar an talainn ilghnéitheach le taithí atá i dTurasóireacht Éireann a fhás, d'fhonn freastal ar riachtanais gnó anois agus amach anseo. I measc gníomhaíochtaí tábhachta eile i rith na bliana cuireadh tús le Clár 'Ceannairí na Todhchaí' i dTurasóireacht Éireann, an chéad chlár riamh do dhaoine ardchumais; tiomsaíodh clár meantóireachta; agus leanadh ar aghaidh leis an infheistíocht i bhforbairt agus oiliúint do bhfoireann uile, le béim nua ar an gcur chuige 70:20:10 (70 - foghlaim agus forbairt trí thaithí; 20 - foghlaim ó dhaoine eile; agus 10 - foghlaim agus forbairt i gcúrsaí foirmiúla). Rinneadh athdhearadh ar an gcreat inniúlachta ar mhaithe le tuilleadh tacaíochta a thabhairt don straitéis bainistiú tallainne; agus rinneadh fiosrú faoi riachtanais na heagraíochta maidir le cóitseáil agus scileanna aischothaithe a fhorbairt sa bhfoireann bainisteoireachta líne. Rinneadh athdhearadh ar chóras bainistiú agus forbairt feidhmíochta Thurasóireacht Éireann, U-Perform, le cur chuige leasaithe na heagraíochta i leith bainistiú agus forbairt tallainne a léiriú.

Airgeadas

Leanadh ar aghaidh le seirbhís sholúbtha éifeachtúil cúloifige le cabhrú le hoifigí margaí, ranna eile ardoifige agus leis an bhfoireann bainistíochta ina n-oibriúcháin féin i rith 2013. Chuathas ar aghaidh leis an gclár leanúnach d'fhonn sábháil chostais a aithint i rith na bliana, le cinntiú go raibh luach ar airgead ar fáil ar na seirbhísí agus go raibh na costais á laghdú cibé áit a raibh sé praiticiúil. Áirítear anseo deiseanna chun seirbhísí a chomhroinnt le comhlachtaí stáit agus Thuaidh/Theas eile. Leanadh ar aghaidh le clár uasghrádaithe agus athbhreithnithe ar chórais ríomhaireachta agus faisnéis bhainistíochta i rith na bliana agus rinneadh feabhsúcháin éagsúla. Oiriúnaíodh na córais do SEPA (Limistéar Aon Íocaíochta Eorpach).

Leanadh ar aghaidh le clár iniúchóireachta leanúnach inmheánach, agus mar a tharla sna hocht bliana roimhe sin, nór tuairiscíodh aon mhórfhadhb. Cuirtear cóipeanna de na tuarascálacha ar fáil don Ard-reachtair Cuntas agus Ciste.

Fuair Turasóireacht Éireann ioncam iomlán de €70.8m/£57.6m ón earnáil phoiblí. Tá riarachán leanúnach chomhlachtaí trasteorann casta mar gheall ar na timpeallachtaí éagsúla oibriúcháin atá sa dá dhlínse. Tá difríochtaí i ndeireadh na bliana fiosaigh, i reachtaíocht, in airgeadra, i ngnáthaimh oibriúcháin agus chuntasaíochta. Bíonn an-chuid comhoibriú ar siúl idir ranna éagsúla Rialtais, le cinntiú go mbíonn na riachtanais chuntasachta á gcomhlíonadh sa dá dhlínse. Bíonn cruinnithe rialta ag Turasóireacht Éireann leis an dá roinn a dhéanann urraíocht orthu, An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta, le hoifigigh ón gComhairle Aireachta Thuaidh Theas; le hoifigigh ón Roinn Airgeadais agus Pearsanra i dTuaisceart Éireann agus ón Roinn Airgeadais sa Deisceart; agus le comhghleacaithe ó Fháilte Éireann agus ó Bhord Turasóireachta Thuaisceart Éireann leis an sprioc seo a bhaint amach.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Déanann an Roinn TFC bainistiú ar na córais agus na bonneagair TFC don eagraíocht, mar a bhfuil os cionn 20 córas corparáideach, ar an mbonneagar TFC sna hoifigí go léir agus ar sheirbhísí teileachumarsáide na heagraíochta. I measc na bpríomhghnóthachan in 2013 bhí cur amach an chóras VoIP (Prótacal Guth thar an Idirlíon) ar tairiscint agus a fheidhmiú; réiteach cartlannú comhad; agus réiteach le haghaidh stóráil fhadtéarmach sonraí.

Cuireadh cúnaimh ar fáil freisin le módúl bainistiú feidhmíochta a fhorbairt agus a fheidhmiú ar an gcóras URHR agus le haghaidh suíomh gréasáin trádála thar lear.

Straitéis/Forbairt Táirgí

Bíonn an rannóg Straitéis/Forbairt Táirgí ag obair le Fáilte Éireann agus Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann agus grúpaí eile, le cúnaimh agus comhairle a sholáthar faoi riachtanais chuariteoirí ón iasacht. I measc na dtionscadal a bhí againn i rith 2013 bhí Slí an Atlantaigh Fhiáin, tionscadal Dubline agus Dublin Now, Triantán Lochlannach Phort Láirge, Míle Meánaoiseach Chill Chainnigh, straitéis forbartha Dhúiche na Lochanna agus na nUiscí Intíre agus an International Appalachian Trail.

Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2013

Clár

Faisnéis faoin gCuideachta 37

Tuarascáil na Stiúrthóirí 38

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí 42

Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach 43

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 44

Ráiteas maidir le beartais chuntasaíochta 46

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais 48

Ráiteas um Ghnóthachain agus Chailteanais Aitheanta Iomlána
48

Clár Comhardaithe 49

Ráiteas Sreabhadh Airgid 50

Nótaí do na Ráitis Airgeadais 51

Faisnéis faoin gCuideachta

Stiúrthóirí

Brian Ambrose OBE
(Cathaoirleach)

Jim Flannery
(Leas-Chathaoirleach)

Ciara Burke
Denis Cregan
Howard Hastings
John Healy
David Lyle
Christoph Mueller
Elaine Murphy
Shaun Quinn
Derek Reaney
David Rodway

Príomhfheidhmeannach

Niall Gibbons

Rúnaí

Shane Clarke

Oifig Chláraithe

5ú Urlár
Cearnóg an Easpaig
Cnoc an Réamannaigh,
Baile Átha Cliath 2

Seoltaí Gnó

5ú Urlár
Cearnóg an Easpaig
Cnoc an Réamannaigh,
Baile Átha Cliath 2

Beresford House
2 Beresford Road
Cúil Raithin
BT52 1GE

Iniúcháirí

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste (Poblacht na hÉireann)

Príomh-Bhaincéirí

Bainc Aontas Éireann cpt
37/38 Sráid Uí Chonaill Uachtar
Baile Átha Cliath 1

Aturnaetha

Mason Hayes & Curran
Sráid na Bearú
Baile Átha Cliath 4

Tughans
Marlborough House
30 Victoria Street
Béal Feirste
BT1 3GS

Tuarascáil na Stiúrthóirí

don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2013

Stair Achomair agus Cúlra Reachtúil na Cuideachta

Bhunaigh Rialtas na hÉireann agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann, faoi chomirce na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas (NSMC), Turasóireacht Éireann Teoranta le mhaith ina ghéag margadóchta don turasóireacht thar lear d'oileán na hÉireann FUA corpraíodh é ar an 11 Nollaig 2000 mar Chuideachta Teoranta ag Ráthaíocht gan Scairchaipiteal. Tógann sé treoir beartais ón NSMC agus coinníonn sé dlúthchaidreamh oibre lena chomhaltaí bunaigh, Fáilte Éireann (FI) agus Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann (NITB). Is iad príomhchuspóirí na cuideachta an turasóireacht go hoileán na hÉireann a mhéadú agus tacaíocht a thabhairt do Thuaisceart Éireann lena chumas turasóireachta a bhaint amach. Tá an cuideachta á rialú ag a Meabhrán agus a hAirteagail Chomhlachais agus ag an Meabhrán Airgeadais faofa ag an NSMC agus ullmhaíonn sí Pleananna Corparáideacha trí bliana agus Plean Oibriúcháin aon-bhliana mar threoir dá cuid gníomhaíochtaí. Faigheann an cuideachta deontais airgid ón dá dhlínse agus eisítear na deontais sin trí FI agus NITB. Ceapann an NSMC Bord Stiúrthóirí go ceann tréimhse ceithre bliana.

Formáid na Ráitis Airgeadais

Ullmhaíodh na cuntais i bhformáid a cinntíodh ag Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013 (Poblacht na hÉireann). Is é an euro (€) bunairgeadra na ráitis airgeadais. Tá na torthaí euro aistriútha go Sterling (STG£) ag an ráta deiridh ar ionann STG£1 agus €1.20294 (2012: STF£1 = €1.23289) don Chlár Comhardaithe agus ag an meánráta bliantúil de €1.23274 (2012: STGE1 cothrom le €1.23274) don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Leabhair Chuntais

D'fhonn a chinntiú go gcoimeádtar leabhair agus taifid chuntasaíochta chuí de réir Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí 1990, tá pearsanra leis na cáilíochtaí cuí cuntasaíochta fostaithe ag na Stiúrthóirí agus tá córais chuntasaíochta chuí ar ríomhairí á gcothabháil acu. Tá na leabhair chuntais lonnaithe in oifig na Cuideachta ag Cearnóg an Easpaign, Baile Átha Cliath.

Príomhghníomhaíochtaí

Is iad príomhghníomhaíochtaí na Cuideachta dearadh agus feidhmiú na gclár margadóchta do na príomh-mhargáí thar lear d'fhonn tionscal turasóireachta oileán na hÉireann a chur chun cinn, de réir na cuspóirí atá leagtha amach thuas.

Iniúcháirí Seachtracha

Is é an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste i bPoblacht na hÉireann a dhéanann iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais. Tá lánrochtain ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste do Thuaisceart Éireann ar pháipéir oibre an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste i bPoblacht na hÉireann, agus bunaithe air sin is féidir tuarascáil a chur faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann.

Torthaí

B'ionann an t-easnamh ioncaim thar caiteachas don bhliain agus €148,986 (STG £126,507).

Rialachas Corparáideach

Tá an Chuideachta á rialú ag a Meabhrán agus a hAirteagail Chomhlachais agus ag an Meabhrán Airgeadais atá faofa ag an NSMC. Tá Stiúrthóirí neamhfheidhmeannach aici atá ceaptha ag an NSMC lena n-áirítear ionadaithe ón tionscal turasóireachta i dTuaisceart Éireann, an tionscal turasóireachta sa Deisceart agus NITB agus FI.

Aontaíonn an Bord sceideal cruinnithe le tionól i ngach bliain féilire. Faigheann Comhaltaí an Bhoird páipéir iomlána an bhoird roimh gach cruinniú; áirítear sna páipéir seo tuarascáil airgeadais agus tuarascálacha ón bPríomhfheidhmeannach agus ó gach Stiúrthóir Roinne sa Chuideachta. Is féidir le comhaltaí an Bhoird, mar chabhair dá ndualgais, comhairle neamhspleách gairmiúil a ghlacadh de réir mar is gá, ar chostas na Cuideachta. Tá rochtain ag gach comhalta Bhoird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta.

Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar leanúint)
don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2013

Tionóladh 8 gcrúinniú Boird i rith na bliana 2013 agus mar seo a leanas a bhí an freastal:

	Líon na gcrúinnithe a d'fhéadfaí freastal orthu	Líon na gcrúinnithe ar freastalaíodh orthu
Brian Ambrose (Cathaoirleach)	8	8
Jim Flannery (Leas-Chathaoirleach)	8	8
Ciara Burke	8	7
Denis Cregan	8	8
Howard Hastings	8	7
John Healy	8	7
David Lyle	8	6
Christoph Mueller	8	6
Elaine Murphy	8	6
Shaun Quinn	8	6
Derek Reaney	8	7
David Rodway	8	7

Bíonn an Bord ag feidhmiú trí na fochoistí seo a leanas chomh maith:

Coiste Bainistiú Riosca Tá ceathrar Stiúrthóir ar an bhfochoiste seo a thagann le chéile go ráithiúil le timpeallacht inmheánach rialaithe na cuideachta a athbhreithniú agus a phlé. Tá siad faoi threoir ag Clár Riosca na cuideachta a úsáidtear chun clár oibre a leagan amach don fheidhm Iniúchta Inmheánaigh, agus tuairiscíonn siad go díreach ar ais chuig an gcoiste seo. Tá lánrochtain neamhshrianta ag na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha ar an gcoiste.

Sa tábla seo a leanas leagtar amach comhdhéanamh agus tinreamh na gcrúinnithe Coiste Bainistiú Riosca i rith na bliana 2013:

	Líon na gcrúinnithe a d'fhéadfaí freastal orthu	Líon na gcrúinnithe ar freastalaíodh orthu
John Healy (Cathaoirleach)	4	4
Ciara Burke	4	3
David Lyle	4	3
Christoph Mueller	4	3

An Coiste Luach Saothair Tá 4 Stiúrthóir ar an bhfochoiste seo agus tagann siad le chéile le hathbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht leibhéil luach saothar na cuideachta agus ar théarmaí agus ar choinníollacha eile fostaíochta na bhfeidhmeannach sinsearacha.

Tugtar comhdhéanamh an Choiste Luach Saothair agus sonraí tinrimh i rith 2013 sa tábla seo a leanas:

	Líon na gcruinnithe a d'fhéadfaí freastal orthu	Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu
Denis Cregan (Cathaoirleach)	1	1
Brian Ambrose	1	1
Jim Flannery	1	1
David Rodway	1	1

Glacann an Bord lena fhreagracht i leith rialú inmheánach na Cuideachta agus leagann sé amach a staid siúd ar bhonn níos mionsonraithe sa Ráiteas um Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí agus um Rialú Inmheánach Airgeadais.

Imeachtaí Iar-Chlár Comhardaithe

Ní raibh teagmhais ar bith a bhí ann tar éis 31 Nollaig 2013 a d'éiligh leasú ar na ráitis airgeadais nó nochtadh ar leith a dhéanamh iontu.

Taighde agus Forbairt

Ní raibh gníomhaíochtaí taighde agus forbartha ar bun ag an gCuideachta i rith na tréimhse.

Forbairtí sa Todhchaí

Tá na Stiúrthóirí ag súil go leanfaidh forbairt ghníomhaíochtaí na Cuideachta ar aghaidh de réir na bpleananna.

Na Príomhrioscanna agus Neamhchinnteachtaí

Is iad na príomhrioscanna agus neamhchinnteachtaí atá ag an gCuideachta ná maoiniú leanúnach a cuid gníomhaíochtaí ag Rialtas na Ríochta Aontaithe agus ag Rialtas na hÉireann. Cé go bhfuil sé réasúnta a bheith ag súil leis go mbeidh maoiniú leanúnach á dhéanamh ag an dá Rialtas ar ghníomhaíochtaí na Cuideachta, bíonn athbhreithniú á dhéanamh i gcónaí ar an leibhéal maoinithe. Níl aon chomhaontú fadtéarmach foirmiúil ann.

Mar gheall ar a ghníomhaíochtaí ar fud an domhain, tá tionchar ag leibhéal na gníomhaíochta eacnamaí i bpríomh-mhargaí na Cuideachta, An Bhreatain, SAM, An Fhrainc, an Ghearmáin, agus na coda eile den domhan go ginearálta, ar an bhfionn taistil. Cuireann fás nó cúlú ar bith sna margaí seo isteach ar an tionscal turasóireachta agus taistil go léir, agus go háirithe ar chumas na Cuideachta chun fás a sheachadadh, i líon na gcuairteoirí agus ina gcaiteachas, de réir spriocanna seachadta na Cuideachta ar oileán na hÉireann. Mhéadóidh teagmhas ar nós mórionsaí sceimhlitheoireachta nó briseadh amach galair cur le tionchar an lagú eacnamaíochta ar chumas na Cuideachta a spriocanna a bhaint amach. Bheadh tionchar chomh maith ag aon chailliúint nó cur isteach ar rochtain aeir nó farraige agus ag gluaiseachtaí neamhfhabhreacha sna malartáin eachtracha ar thaisteal go hoileán na hÉireann. Bíonn an Bord ag faire go rialta ar na rioscaí thuas agus glactar leis na gníomhartha cuí leis na rioscaí a mhaolú nó le tabhairt faoi na hiarmhairtí ionchasacha dochracha an oiread agus is féidir go praiticiúil.

Reachtaíocht Chomhionannais

Tá sé de bheartas ag an mBord an Reachtaíocht Chomhionannais sa dá dhlínse a chomhlíonadh go hiomlán. Bunaítear earcaíocht ar chumas iarratasóra chun an post a dhéanamh. Déantar iarratais ar fhostaíocht ó gach grúpa mionlaigh, lena n-áirítear lucht míchumais, a bhreathnú go hiomlán agus go cothrom, má bhíonn na scileanna agus na cumais iontu chun an obair a dhéanamh.

Má tharlaíonn míchumasú le linn fostaíochta is é beartas an Bhoird gach iarracht a dhéanamh a chinntiú go mbeidh athoiliúint shásúil ar fáil, nó más infheidhmithe, go dtabharfar cabhair le fostaíocht mhalartach a fháil.

Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag Obair

Is é beartas an Bhoird sábháilteacht, sláinte agus leas leanúnach na bhfostaithe ag obair a chinntiú trí thimpeallacht shábháilte shláintiúil a chothabháil bunaithe ar fhorálacha na Reachtaíochta um Shláinte, Shábháilteacht agus Leas ag an Obair sna dlínsí ina mbíonn sé ag feidhmiú.

Tabhartais Charthanachta

Ní dhearna Turasóireacht Éireann aon tabhartas carthanachta le linn na tréimhse.

Íocaíocht do Sholáthróirí

Is é beartas Thurasóireacht Éireann Teoranta gach soláthróir a íoc chomh pras agus is infheidhmithe agus gan aon am breise a ghlacadh chun soláthróirí a íoc, seachas an t-am a bhíonn ag teastáil chun an sonrasc a sheiceáil agus a phróiseáil. I 2013, ba é 21 lá an meán-am idir sonrasc soláthóra a fháil agus é a íoc. Níor íoc Turasóireacht Éireann Teoranta aon ús maidir le híocaíochtaí déanacha i rith na bliana. Tá breis eolais faoi íocaíochtaí Thurasóireacht Éireann le soláthróirí ar fáil ar shuíomh corparáideach gréasáin Thurasóireacht Éireann www.tourismireland.com

Rannpháirtíocht na bhFostaithe

Cuireann Turasóireacht Éireann Teoranta a straitéis gnó i bhfeidhm trína fhoireann. Tá rannpháirtíocht lucht foirne ríthábhachtach d'fhonn cuspóirí gnó a bhaint amach sa phróiseas pleanála agus cinnteoireachta. Déantar rannpháirtíocht na foirne a uasmhéadú trí úsáid a bhaint as an rochtain chuig ar shainchomhairle agus trí dheiseanna oiliúna a chuireann ar a gcumas a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtúil.

Saoráil Faisnéise

Foráiltear san Acht um Chomhaontú na Breataine- na hÉireann 1999 go ndéanfadh Airí Éireannacha agus Thuaisceart Éireann a bhfuil freagracht orthu maidir le saoráil faisnéise Cód Cleachtais a dhréachtú do na Comhlachtaí Thuaidh/Theas agus go mbeadh sé le faomhadh ag an NSMC. Is Cód neamhrechtúil é an Cód, a faomhadh ar an 1 Eanáir 2006, agus dréachtaíodh é le haird ar na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003 agus an Freedom of Information Act, 2000 sa Ríocht Aontaithe.

Áisítear rochtain an phobail de réir an Chóid ar fhaisnéis atá ag na sé chomhlachtaí forfheidhmithe Thuaidh/Theas agus ag Turasóireacht Éireann ar bhealaí éagsúla. Foráiltear gur cheart do gach comhlacht cineálacha áirithe faisnéise a bhaineann lena fheidhmeanna, a struchtúir, a eagraíocht agus a sheirbhísí a fhoilsiú, mar aon le tuairisc ghinearálta ar an gcineál faisnéise atá ag an gcomhlacht sin. Leagtar amach an próiseas faoinar féidir le ball den phobal faisnéis atá ag an gcomhlacht sin a iarraidh, na céimeanna is gá don chomhlacht a ghlacadh agus an t-iarratas sin a láimhseáil agus an tréimhse ama inar cheart don chomhlacht freagra a thabhairt ar iarratas de ghnáth. Tugann an Cód deis chomh maith do bhaill den phobal ráiteas a fháil faoi aon ghníomh den chomhlacht a bhfuil tionchar aige ar an duine sin.

Tugtar catagóirí na faisnéise atá díolúinithe in Iarscríbhinn an Chóid. Má thiteann an fhaisnéis a iarrrtar laistigh de chatagóir atá liostaithe i gCuid 1 den Iarscríbhinn, níl dualgas ar an gcomhlacht an fhaisnéis a nochtadh. Má thiteann an fhaisnéis a iarrrtar laistigh de chatagóir atá liostaithe i gCuid 2, ní mór don chomhlacht teist leas poiblí a dhéanamh lena chinneadh an nochtófar an fhaisnéis nó nach nochtfar. Déanann an Cód foráil le haghaidh meicníocht inmheánach athbhreithnithe ar chinntí a dhéanann an comhlacht faoin gCód.

Freagracht Shóisialta Chorporáideach

Ní hiad na cuideachtaí a sheachadann feidhmíocht níos fearr agus seirbhís chustaiméirí den scoth, ach a chuireann saincheisteanna eiticiúla, sóisialta agus comhshaoil san áireamh dá páirtithe leasmhara go léir na cuideachtaí is fearr. Aithníonn Turasóireacht Éireann na dualgais leathana atá uirthi i leith fostaithe, na sochaí agus an phobail a bhfuil sí ag freastal air agus creideann sí go bhfuil nasc láidir idir Freagracht Shóisialta Chorporáideach agus an rath sa bhfad-téarma. Tá tacar luachanna ag Turasóireacht Éireann a thugann aitheantas do leasanna a pháirtithe leasmhara go léir agus don gcion tairbhe atá á dhéanamh acu.

Chun na críche sin, tá caighdeáin an-arda ionracais, rialachais chorporáideach agus fheasacht chomhshaoil againn. Aithnímid nach ionann a bheith inár saoránach maith chorporáideach agus ár n-aidhmeanna gnó amháin a bhaint amach, ach go bhfuil baint aige le cion níos leithne a dhéanamh ar son leasa ár bpáirtithe leasmhara go léir.

Is cuid bhunúsach d'fhás ghnó na turasóireachta ar oileán na hÉireann iad ár bpáirtithe leasmhara, idir thionscal na turasóireachta agus na turasóirí féin. Tá dianchomórtas sa turasóireacht idirnáisiúnta agus mura mbíonn na tairiscintí is fearr á ndéanamh againn, rachaidh na turasóirí áit éigin eile. Ní ghlacann Turasóireacht Éireann le cur chuige 'méid amháin do chách' i leith na seirbhíse a sholáthraímid, ach tá sé d'aidhm aici foireann chuimsitheach sholúbtha de roghanna margaíochta a sholáthar don tionscal turasóireachta.

Ag an leibhéal chorporáideach, glacaimid leis na caighdeáin comhlíontachta is airde i leith riachtanais reachtúla, ag feidhmiú de réir spiorad agus litir na rialachán sa dá dhlínse.

Tá sé d'aidhm againn an chúirtéis chéanna a thabhairt dár soláthróirí agus a thugaimid dár bpáirtithe leasmhara.

Gan foireann chumasach thiomanta spreagtha, ní fhéadfadh Turasóireacht Éireann an leibhéal seirbhíse atá tuillte acu a thabhairt dár bpáirtithe leasmhara. Dá bharr seo, tugtar tús áite d'earcaíocht foirne, agus d'oiliúint agus forbairt foirne. Is iad na daoine agus na gníomhairí atá againn i 22 láthair i 19 tír an acmhainn is tábhachtaí don rath atá ar Thurasóireacht Éireann le 12 bliain anuas.

Tá Turasóireacht Éireann lántiomanta don chomhionannas in earcaíocht agus i bhfostaíocht. Tá sé de straitéis againn na daoine is fearr a earcú agus oiliúint chuimsitheach a sholáthar dóibh agus tacú leo lena gcumas fadtéarmach a uasmhéadú.

Clár Leasanna na Stiúrthóirí

Coinnítear Clár Leasanna na Stiúrthóirí in oifig chláraithe na Cuideachta. Tá sé ar fáil don phobal agus is féidir rochtain a fháil air ach teagmháil a dhéanamh le Rúnaí na Cuideachta.

Thar ceann an Bhoird

Brian Ambrose

Cathaoirleach

John Healy

Stiúrthóir

Dáta: 23 Iúil 2014

Tuarascáil Bhliantúil Thurasóireacht Éireann 2013
Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí
don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2013

Tá sé riachtanach de réir dlí na gcuideachtaí ráitis airgeadais a ullmhú le haghaidh gach tréimhse airgeadais a sholáthraíonn léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí na cuideachta agus fharasbarr nó easnamh na cuideachta don tréimhse airgeadais sin. Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, éilítear ar Bhord na Stiúrthóirí:

- Beartais oiriúnacha cuntasáochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Aon imeacht ábhartha ó na Caighdeáin Chuntasáochta infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach ach amháin mura bhfuil sé cuí a mheas go leanfaidh an chuideachta ar aghaidh i ngnó.

Tá an Bord Stiúrthóirí freagrach as leabhair chúí cuntais a choimeád a nochtann stádas airgeadais na Cuideachta go réasúnta cruinn agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ag cloí le hAchtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013, mar atá infheidhmithe do chuideachtaí le ráthaíocht theoranta gan scairchaipiteal. Tá sé freagrach as a chinntiú go ndéantar gnó an aonáin i slí cheart rialta agus as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus dá réir sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Thar ceann an Bhoird
Brian Ambrose John Healy
Cathaoirleach Stiúrthóir
Dáta: 23 Iúil 2014

Dáta: 23 Iúil 2014

Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach

don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2013

Aithníonn an Bord a fhreagracht i leith a chinntiú go ndéanann an Chuideachta córas éifeachtúil um rialú inmheánach airgeadais a chothú agus a fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach urrús réasúnach seachas urrús absalóideach a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go dtabharfaí iad faoi deara in am tráthúil.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreatlach de bhainistiú rialta faisnéise, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta. Tá na nithe seo a leanas go háirithe san áireamh

- Córais chuimsitheacha buiséid ina bhfuil buiséad bhliantúil atá athbhreithnithe agus aontaithe ag an mBord.
- Athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmiú airgeadais i gcoinne réamhfaisnéisí;
- Spriocanna a leagan amach chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- Treoirlínte infheistíochta caipitiúil sainmhínithe go soiléir;

Tá plean iniúchóireachta inmheánach ag Turasóireacht Éireann Teoranta atá bunaithe ar anailís ar an riosca a bhfuil an Chuideachta nocht ina leith. Déantar athbhreithniú ar anailís an riosca i rith na bliana agus formhuíonn Coiste Bainistiú Riosca na cuideachta é. Áirítear sa chlár ag Coiste Bainistiú Riosca na Cuideachta Áirítear sa chlár oibre iniúchóireachta inmheánach, feidhmiú obair iniúchóireachta mionsonraithe, soláthar tuarascála ar ghníomhaíocht iniúchóireachta inmheánach na Cuideachta ar bhonn rialta don Choiste Bainistiú Riosca agus tuairim neamhspleách ar dhóthaineacht agus ar éifeachtúlacht chóras rialú inmheánach airgeadais na cuideachta. I measc na réimsí a bhí cuimsithe ag iniúchadh inmheánach ina gclár oibre 2013 bhí athbhreithniú ar Sholáthar, Mórtháscairí Feidhmíochta, Leochailleacht TF, Sócmhainní Seasta, Rialachas Corparáideach Cothabháil agus Cártaí Creidmheasa agus Rialuithe Inmheánacha Airgeadais.

Déanann an Bord measúnú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais ar bhonn na hoibre a dhéanann na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den Chuideachta atá freagrach as forbairt agus cothabháil na creatlaí um rialú airgeadais. Agus an t-athbhreithniú á dhéanamh acu, cuireann an Bord tuarascáil an iniúcháir, litir na bainistíochta agus tuarascálacha eile an iniúcháir eachtraigh san áireamh. Rinne an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialuithe inmheánacha i mí Feabhra 2014, agus ba é tuairim an Bhoird go raibh na rialuithe seo á bhfeidhmiú go héifeachtach agus go sásúil.

Thar ceann an Bhoird

Brian Ambrose

Cathaoirleach

Niall Gibbons

Príomhfheidhmeannach

Dáta: 23 Iúil 2014

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013

Turasóireacht Éireann Teoranta

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Thurasóireacht Éireann Teoranta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013, mar a fhoráiltear faoi Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Áirítear sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir na mbeartas cuntasáíochta atá leagtha amach iontu, an ráiteas faoi bheartais chuntasáíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an ráiteas ar ghnóthachain agus cailteanais aitheanta iomlána, an clár comhardaithe, an ráiteas sreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe sa bhfoirm atá ordaithe faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013, agus de réir an chleachtas cuntasáíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na stiúrthóirí freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor cothrom ar staid ghnóthaí na cuideachta agus ar a hioncam agus a caiteachas agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Táim freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus as tuairisciú a dhéanamh orthu de réir an dlí is infheidhme.

Le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh tagraím do na breithnithe speisialta a ghabhann le bainistiú agus le feidhmiú comhlachtaí Stáit.

Déanaim an t-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh le Caighdeán Eiticíúla de chuid an Bhoird um Chleachtas Iniúcháireachta d'Iniúcháirí.

Scóip an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a bhailiú faoi na suimeanna agus na nochtáí atá sna ráitis airgeadais, fianaise ar leor í agus dearbhú réasúnach go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíríteas ábhartha, cibé mar gheall ar chalaos nó earráid é. Cuimsíonn sé iniúchadh a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- Cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasáíochta oiriúnach do chúinsí na cuideachta, agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh go himleor iad
- réasúnacht na meastachán suntasacha cuntasáíochta a rinne na stiúrthóirí le linn do na ráitis airgeadais a bheith á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Chomh maith leis sin déanaim iarracht fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbhearta airgeadais i gcaitheamh an iniúchta.

Ina theannta sin, léim an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais uile atá sa Tuarascáil Bhliantúil ar mhaithe le haon mhírialtacht ábhartha leis na ráitis iniúchta a aithint. Má thugaim aon mhíríteas nó neamhréiteacht dealraitheach ábhartha faoi deara, déanaim breithniú ar na himpleachtaí a bheadh aige a leithéid do mo thuarascáil. Má thugaim aon mhíríteas nó neamhréiteacht dealraitheach ábhartha faoi deara, déanaim breithniú ar na himpleachtaí a bheadh aige a leithéid do mo thuarascáil.

Tuairim i leith na Ráitis Airgeadais

I mo thuairim tugann na Ráitis Airgeadais

- tugann siad léargas fíor agus cothrom, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar leis go Coitianta in Éirinn, ar staid ghnóthaí na cuideachta ar 31 Nollaig 2013 agus ar a ioncam agus caiteachas do 2013; agus
- tá siad ullmhaithe i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013.

Nithe a n-éilítear orm iad a thuairiciú ag Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013

Tá an t-eolas go léir faighte agam agus na míniúcháin a cheapaim a bheith riachtanach le haghaidh chuspóir m'iniúchadh. I mo thuairim, tá leabhair chuntais chuí coimeádta ag an gcuideachta. Tá na ráiteas airgeadais ag réiteach leis na leabhair chuntais.

I mo thuairim, tá an fhaisnéis a luaitear i dtuarascáil na stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis Airgeadais.

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

(ar leanúint)

Tuarascáil le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013

Nithe a ndéanaim Tuairisc de réir Eisceachta orthu

Déanaim tuairisc de réir eisceachta sna cásanna seo a leanas:

- má léirigh mo iniúchadh aon teagmhas ábhartha nuair nár úsáideadh airgead le haghaidh na gcuspóirí beartaithe nó nuair nár chomhlíonadh bearta na na húdaráis a rialaíonn iad, nó nuair nach raibh an fhaisnéis a tugadh i dtuarascáil bhliantúil na cuideachta i gcomhréir leis na ráitis ghaolmhara airgeadais, nó
- nuair nach léiríonn an ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais géilliúlacht na Cuideachta don Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit nó
- nach ndéantar nochtadh reachtúil luach saothar na stiúrthóirí ná beartais na stiúrthóirí, nó
- más léir dom gur ann do nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach a reáchtáladh gnó poiblí. Níl aon ní le tuairiscí agam maidir leis na nithe seo a ndéantar tuairisc orthu de réir eisceachta.

Seamus McCarthy

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
25 Iúil 2014

Ráiteas maidir le beartais chuntasaíochta

don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2013

Is iad seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta a ghlac an Chuideachta:

Bunús Ullmhúcháin

Tar éis a bheith ullmhaithe faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil agus de réir caighdeán tuairiscithe airgeadais a nglactar leis go coitianta in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.

Ioncam

Mínítear ioncam ar bhonn infhála. Cuirtear gach ioncam deontais chun sochair chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais sa tréimhse chuntasaíochta ina n-éilítear é ó na heagraíochta maoinithe.

Caiteachas

Ionsúnn an hCuideachta CBL agus cánacha díolacháin áitiúla le córas athghabhála teoranta atá comhaontaithe leis na hÚdaráis Ioncaim. Gearrtar caiteachas fógraíochta agus margadóchta uile, lena n-áirítear costais tabhaithe ar tháirgeadh míreanna foilseacháin nach bhfaightear aon ioncam dóibh, don chuntas Ioncaim agus Caiteachais sa tréimhse airgeadais ina tabhaítear é.

Feichiúnaithe

Luaitear féichiúnaithe tar éis soláthar a dhéanamh le haghaidh drochfhiacha agus fiacha amhrasacha sonraithe.

Sócmhainní Doláimhsithe Seasta

Amúchtar sócmhainní doliámhsithe seasta le saol teoranta thar tréimhse ionchas úsáideach a saoil trí ranníocaíochtaí cothroma bliantúla a chur chun dochair don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Baineann an saol úsáideach chun sócmhainní teoranta doláimhsithe a amúchadh le feidhmíocht na sócmhainní a fhaightear sa todhchaí, agus le breithiúnas na bainistíochta faoin tréimhse a mbainfear leas eacnamaíoch as an tsócmhainn.

Sócmhainní Inláimhsithe Seasta

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas lúide dímheas carntha. Déantar soláthar don dímheas ag rátaí atá ríofa le costas lúide luach iarmharach a dhíscríobh thar an saol úsáideach atá ceaptha dó, ar bhonn líne díreach. Díscríobhtar bogearra ríomhaireachta a cheannaítear nó a fhorbraítear in-tí de ghnáth ar bhliain a cheannaithe mura féidir a chruthú go bhfuil luach athdhíola aige.

Airgeadraí Coigríche

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadra coigríche go euro ag na rátaí malartáin atá i bhfeidhm ar dháta an chlár comhardaithe. Déantar idirbhearta in airgeadraí coigríche a thaifeadadh ag rátaí seasta caighdeánacha don bhliain le haghaidh gach airgeadra réadaithe ag am na híocaíochta. Tógtar gnóthachain agus cailteanais réadaithe go dtí an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Nochtadh méideanna aistrithe sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais, sa Ráiteas Sreabhadh Airgid, sa Chlár Comhardaithe agus sna nótaí gaolmhara in euro (€) le suimeanna achomair tugtha i Sterling (STG£).

Costais Phinsin

Bhunaigh na Comhlachtaí Feidhmiúcháin Thuaidh/Theas agus Turasóireacht Éireann Teoranta an Scéim Phinsean Thuaidh/Theas le héifeacht ó 29 Aibreán 2005. Is scéim sochar pinsean sainmhínithe í atá maoinithe go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear. Tá an scéim á riaradh ag riarthóir seachtrach. Bíonn maoiniú á sholáthar ó Rialtas na hÉireann tríd an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ó Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann tríd an Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta, agus maoinítear an riarthóir as sin.

Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin a thuilleann na fostaithe le linn na tréimhse. Aithnítear méid a fhreagraíonn don mhuirear pinsin mar ioncam sa mhéid go mbeadh sé inghnóthaithe sa todhchaí trí ioncam deontais nó maoiniú eile chuig an riarthóir, go bhfuil sé in-aisghabhála, agus go bhfuil sé seach-churtha ag íocaíochtaí pinsin a rinneadh i rith na bliana.

Tá gnóthachain nó cailteanais achtúireacha ag eascairt as athruithe ar thoimhdí achtúireacha agus as barrachais agus easnaimh taithí léirithe sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Cailteanais Aitheanta Iomlána agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inghnóthaithe ó Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann agus ó Rialtas na hÉireann.

Léiríonn dliteanais phinsin luach láithreach íocaíochtaí pinsin sa todhchaí atá gnóthaithe ag fostaithe go dtí seo. Léiríonn maoiniú pinsin iarchurtha sócmhainn chomhfhreagrach ar acmhainní iad atá le cur ar fáil i dtréimhsí sa todhchaí ó Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann agus ó Rialtas na hÉireann, sa tslí a luaitear thuas.

Aithnítear sa Chlár Comhardaithe an dliteanas carnach le haghaidh atá tuillte ag fostaithe ag deireadh na bliana le sócmhainn chomhfhreagrach.

I gcomhréir leis an gcleachtas cuntasáíochta do chomhlachtaí Stáit neamhthráchtála i bPoblacht na hÉireann, aithníonn Turasóireacht Éireann sócmhainn a léiríonn acmhainní le cur ar fáil ag Stáitchistí na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh pinsin de bharr roinnt iar-imeachtaí. Áirítear sna himeachtaí seo tacaíocht reachtúil do na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas maidir le pinsin seirbhís phoiblí a mhaoiniú i ngach dlínse agus an próiseas meastacháin bliantúil san áireamh. Cé nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil ann agus dá bhrí sin nach bhfuil aon ráthaíocht i leith na méideanna sonracha seo leis na forais mhaoinithe, níl aon fhianaise ag Turasóireacht Éireann nach leanfar ar aghaidh leis an mbeartas maoinithe seo sa todhchaí. Níl an chóireáil seo comhsheasmhach leis an gcleachtas cuntasáíochta do Chomhlachtaí Neamh-Rannacha sa Ríocht Aontaithe, mar nach dtugtar aitheantas do dhliteanas maoinithe go dtí go mbíonn an ceangaltas úd slite nuair nach ann do ráthaíocht fhoirmiúil.

Déantar ranníocaíochtaí chuig roinnt scéimeanna pinsean pearsanta atá á bhfeidhmiú ag foireann nach bhfuil ina mbaill de scéim sochair sainmhínithe. Áirítear íocaíochtaí a dhéantar faoi gach scéim sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain lena mbaineann siad.

Sócmhainní ar Léas

Déantar caipitliú ar shócmhainní a fhaightear faoi léasanna mar shócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheastar iad de réir gnáthbheartas na cuideachta. Déantar taifead ar an dliteanas comhfhreagrach mar chreidiúntaí agus gearrtar an ghné úis den íocaíocht léas airgeadais ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn blianachta. Gearrtar cíosanna léas oibríochta ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn líne dhíreach thar tréimhse an léasa.

Cúlchiste Deontais an Rialtais

Léiríonn Cúlchiste Deontais an Rialtais luach neamh-amúchta an ioncam deontais a usáideadh le haghaidh cuspóirí caipitiúla

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais
don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2013

		2013	2012	2013	2012
		€	€	STGE	STGE
	Nótaí	(000)	(000)	(000)	(000)
Ioncam Iomlán	2	69,945	77,849	59,392	63,151
Lúide Caiteachas	3	70,298	(78,855)	(59,691)	(63,968)
Aistriú (chuig)/ó Chúlchiste Deontais an Rialtais	12	204	(746)	173	(604)
Easnamh)/Farasbar ioncaim thar caiteachas		(149)	(1,752)	(126)	(1,421)

Ráiteas um Ghnóthachain agus Chaillteanais Aitheanta Iomlána
don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2013

		2013	2012	2013	2012
		€	€	STGE	STGE
	Nótaí	(000)	(000)	(000)	(000)
(Easnamh)/Farasbar ioncaim thar caiteachas		(149)	(1,752)	(126)	(1,421)
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar dhliteanais pinsean	16c	11,488	(13,892)	9,550	(11,268)
Coigeartú ar mhaoiniú pinsean iarchurtha		(11,488)	13,892	(9,550)	11,268
Caillteanas) iomlán aitheanta don bhliain		(149)	(1,752)	(126)	(1,421)

Baineann gach ioncam le hoibríochtaí leanúnacha.

Is dlúthchuid de na Ráitis Airgeadais seo na beartais chuntasaíochta agus nótaí 1 go 23.

Thar ceann an Bhoird

Brian Ambrose
Cathaoirleach

John Healy
Stiúrthóir

Dáta: 23 Iúil 2014

Clár Comhardaithe

ar 31 Nollaig 2013

		2013	2012	2013	2012
	Nótaí	€ (000)	€ (000)	STGE (000)	STGE (000)
Sócmhainní Seasta					
Doláimhsithe	7	487	609	405	494
Inláimhsithe	8	311	393	261	321
		798	1,002	666	815
Sócmhainní Reatha					
Feichiúnaithe	9	4,272	5,613	3,551	4,553
Iarmhéideanna Bainc agus Airgid		5,061	3,987	4,207	3,234
		9,333	9,600	7,758	7,787
Dlíteanais Reatha					
Creidiúnaithe dlite laistigh de bhliain amháin	10	(8,435)	(8,553)	(7,012)	(6,937)
Glansócmhainní Reatha					
		898	1,047	746	850
Sócmhainní Iomlána lúide Dlíteanais Reatha roimh Phinsin					
Maoiniú pinsean iarchurtha	16e	47,746	56,021	39,691	45,439
Dlíteanais Pinsean	16c	(47,746)	(56,021)	(39,691)	(45,439)
		-	-	-	-
Glansócmhainní					
Léirithe ag:					
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	13	898	1,047	746	850
Cúlchiste Deontais an Rialtais	12	798	1,002	666	815
		1,696	2,049	1,412	1,665

Is dlúthchuid de na Ráitis Airgeadais seo na beartais chuntasafóchta agus nótaí 1 go 23.
Thar ceann an Bhoird

Brian Ambrose

Cathaoirleach

John Healy

Stiúrthóir

Dáta: 23 Iúil 2014

Ráiteas Sreabhadh Airgid
don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2013

		2013	2012	2013	2012
	Nótaí	€ (000)	€ (000)	STGE (000)	STGE (000)
Glan (Eis-sreabhadh) /insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	14	1,146	(4,359)	1,034	(3,762)
Caiteachas Caipitil agus Infheistíocht Airgeadais					
Íocaíochtaí le Sócmhainní Seasta a Fháil		-	(609)	-	(494)
Íocaíochtaí le Sócmhainní Seasta a Fháil		(73)	(285)	(62)	(231)
Fáltais as sócmhainní inláimhsithe seasta a dhiúscairt		1	3	1	2
Glan (eis-sreabhadh)/(insreabhadh) airgid	15	1,074	(5,250)	973	(4,485)

Is dlúthchuid de na Ráitis Airgeadais seo na beartais chuntasaíochta agus nótaí 1 go 23.
Thar ceann an Bhoird

Brian Ambrose
Cathaoirleach

John Healy
Stiúrthóir
Dáta: 23 Iúil 2014

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2013

1. Formáid na Ráitis Airgeadais

Tá formáid na dtorthaí sna Ráitis Airgeadais aistrithe ó euro go Sterling ag an ráta deiridh ag deireadh na bliana ar ionann é agus €1.20294 (2012: €1.23289) don Chlár Comhardaithe agus ag an meán ráta bliantúil de €1.17769 (2012: €1.23274) don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

2. Ioncam Iomlán

		2013 € (000)	2012 € (000)	2013 STGE (000)	2012 STGE (000)
	Nótaí				
Fáilte Éireann		47,640	50,860	40,453	41,257
Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann		18,036	22,470	15,315	18,228
Ioncam Trádála		866	1,615	735	1,310
Ioncam Éagsúil		210	198	179	161
Glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh pinsean	16d	3,193	2,706	2,711	2,195
		69,945	77,849	59,392	63,151

Tá ioncam infhaighte ó Fháilte Éireann agus ó Bhord Turasóireachta Thuaisceart Éireann de réir na bhforálacha maoinithe atá leagtha síos sa Mheabhrán Airgeadais. Ba é an méid iarbhír a fuarthas i Sterling ón NITB ná £14.790m (2012: £19.549m).

Áirítear san ioncam cistí do mhargaíocht réigiúnach ó Fháilte Éireann de €2.246m: £1.908m (2012 €3.536m: £2.868m) agus do thionscadal an Tionóil de €1.100m £0.934m (2012 €1.493m: £1.211m).

3. Caiteachas

		2013 € (000)	2012 € (000)	2013 STGE (000)	2012 STGE (000)
	Nótaí				
Cláir Mhargaíochta		44,698	54,165	37,954	43,938
Gníomhairí Díolacháin Ginearálta thar lear		648	667	550	541
Costais Foirne	5	16,208	15,291	13,763	12,404
Costais Oifige agus Riaracháin		7,080	7,089	6,011	5,752
Taisteal agus Cothabháil	6	1,133	1,172	962	951
Dlíthiúil agus Gairmiúil		440	385	374	312
Luach Saothair na Stiúrthóirí	6	91	91	77	74
Soláthar drochfhiacha iarscríofa		-	(5)	-	63,968
		70,298	78,855	59,691	63,968

Áirítear sna cláir margaíochta €2.243m: £1.904m (2012 €3.536m: £2.868m) a caitheadh ar fhorbairt réigiúnach agus táirgí agus €1.100m: £0.934m (2012 €1.493m: £1.211m) ar thionscadal an Tionóil.

I gcúinsí eisceachtúla ceadaíonn Beartas na Cuideachta táillí scoile a íoc ar son leanaí lucht bainistíochta a bhíonn ar thascanna thar lear. Bhí caiteachas de €náid maidir leis sin: €náid (2012 €4,719 : £3,828) a áirítear i gcostais Oifige agus Riaracháin.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)
don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2013

3. Caiteachas (ar leanúint)

2013 Anailís Gheografach ar Chaiteachas

		Lár	An Bhreatain	An Eoraip	An Astráil & Margái Nua	Meiriceá Thuaidh	Iomlán
	Nótaí	€ (000)	€ (000)	€ (000)	€ (000)	€ (000)	€(000)
Cláir Mhargaíochta		5,863	13,706	12,290	2,104	10,735	44,698
Gníomhairí Díolacháin Ginearálta thar lear		-	-	120	528	-	648
Costais Foirne	5	8,462	1,294	3,261	785	2,406	16,208
Costais Oifige agus Riaracháin		4,374	760	840	264	842	7,080
Taisteal agus Cothabháil		342	171	233	160	227	1,133
Dlíthiúil agus Gairmiúil		318	-	49	10	63	440
Luach Saothair Stiúrthóirí	6	91	-	-	-	-	91
Drochfhíacha		-	-	-	-	-	-
		19,450	15,931	16,793	3,851	14,273	70,298

		Lár	An Bhreatain	An Eoraip	An Astráil & Margái Nua	Meiriceá Thuaidh	Iomlán
	Nótaí	STG£ (000)	STG£ (000)	STG£ (000)	STG£ (000)	STG£ (000)	STG£ (000)
Cláir Mhargaíochta		4,978	11,638	10,436	1,787	9,115	37,954
Gníomhairí Díolacháin Ginearálta thar lear		-	-	102	448	-	550
Costais Foirne	5	7,185	1,099	2,769	667	2,042	13,763
Costais Oifige agus Riaracháin		3,714	645	713	224	715	6,011
Taisteal agus Cothabháil		290	145	198	136	193	962
Dlíthiúil agus Gairmiúil		270	-	42	8	54	374
Luach Saothair Stiúrthóirí	6	77	-	-	-	-	77
Drochfhíacha		-	-	-	-	-	-
		16,514	13,527	14,260	3,270	14,273	59,691

Tá na cláir Margaíochta Láir comhdhéanta de ionaid teagmhála custaiméirí de chuid Thurasoireacht Éireann, aonad ríomh-mhargaíochta, táirgeadh fógraíochta agus na costais a ghabhann le táirgeadh agus dáileadh na n-ábhar comhthaobhacha.

4. (Easnamh) Ioncainm thar caiteachas

Luaitear é seo tar éis iad seo a leanas a ghearradh:	Nótaí	2013 € (000)	2012 € (000)	2013 STGE(000)	2012 STGE(000_
Amúchadh sócmhainní seasta doláimhsithe	7	122	-	103	-
Dímheas sócmhainní inláimhsithe	8	155	148	132	121
Luach Saothair na nIníúcháirí		24	25	20	20
Luach Saothair Stiúrthóirí	6	91	91	77	74
Cíosanna Léas Oibríochta - Talamh agus Foirgnimh		2,064	1,992	1,716	1,616
Cíosanna Léas Oibríochta - Eile		20	22	16	18
Soláthar drochfhiacha iarscríofa back		-	(5)	-	(4)

5. Fostaithe agus Luach Saothair

	Nótaí	2013 € (000)	2012 € (000)	2013 STGE(000)	2012 STGE(000_
Pá agus Tuarastail		9,882	9,543	8,391	7,741
Costais Leasa Sóisialaigh		1,198	1,240	1,018	1,006
Cláir Socrúchán Mic Léinn		693	689	588	559
Ranníocaíocht na Cuideachta le pinsin phríobháideacha	16g	21	51	18	41
Costas reatha seirbhís phinsean	16d	4,143	3,492	3,518	2,833
Costais phárolla eile		271	276	230	224
		16,208	15,291	13,763	12,404

Bhí 152 duine ar an meán fostaithe i rith na bliana (2012: 152).

I rith na bliana rinneadh asbhaintí de €213,502 (£181,289), faoin na Bearta Éigeandála Airgeadais um Leas an Phobail, 2009, mar atá leasaithe, agus íocadh é leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

D'ainmnigh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas an Príomhfheidhmeannach reatha ar an 10 Meitheamh 2009 ar chonradh 5 bliana. €159,503 (£135,437) de thuarastal atá aige, is ball é de scéim phinsean na cuideachta agus níl bónas iníoctha. Rinneadh leasú ar a thuarastal de réir an Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2009.

6. Luach Saothair na Stiúrthóirí

	2013 €	2012 €	2013 STGE	2012 STGE
Ar son seirbhísí mar Stiúrthóirí	91,055	91,055	77,317	73,862
Brian Ambrose	11,970	11,970	10,164	9,710
James Flannery	9,830	9,830	8,347	7,974
Ciara Burke	7,695	7,695	6,534	6,242
Denis Cregan	7,695	7,695	6,534	6,242
Howard Hastings	7,695	7,695	6,534	6,242
John Healy	7,695	7,695	6,534	6,242
David Lyle	7,695	7,695	6,534	6,242
Christoph Mueller	7,695	7,695	6,534	6,242
Elaine Murphy	7,695	7,695	6,534	6,242
Derek Reaney	7,695	7,695	6,534	6,242
David Rodway	7,695	7,695	6,534	6,242

Ní bhfuair aon Stiúrthóir eile luach saothair agus níl na Stiúrthóirí i dteideal aon díolaíochtaí eile, sochar nó pinsean, agus níl siad i dteideal cúitimh i leith cailleadh oifige. Ní bhfuair aon duine de na Stiúrthóirí dreasacht le hoifig a ghlacadh. Bhí speansais na gComhaltaí Boird in 2013 cothrom le €9,676 (£8,216) comhdhéanta de €2,259 (£1,918) míleáiste, €4,889 (£4,152) cothabháil agus lóistín agus €2,528 (£2,146) speansais taistil eile.

7. Sócmhainn Seasta Doláimhsithe - Ainm Fearainn

Tagraíonn an tsócmhainn seo do cheannach an ainm 'Ireland.com' ón Ireland.com Times ag deireadh na bliana 2012.

	Ainm Fearainn € (000)	Iomlán € (000)
Costas		
Ag 1 Eanáir 2013	609	609
Breiseanna	-	-
Diúscairtí	-	-
Ar 31 Nollaig 2013	609	609
Amúchadh		
Ag 1 Eanáir 2013	-	-
Muirear don Bhliain	122	122
Diúscairtí		
Ar 31 Nollaig 2013	122	122
	€(000)	€(000)
Glanluach Leabhair		
Ar 31 Nollaig 2013	487	487
Ar 31 Nollaig 2012	609	609
	Ainm Fearainn STGE (000)	Iomlán STGE(000)
Costas		
Ag 1 Eanáir 2013	487	487
Coigeartú Malartáin	494	494
Breiseanna	12	12
Diúscairtí	-	-
Amúchadh		
Ag 1 Eanáir 2013	-	-
Coigeartú Malartáin	(2)	(2)
Muirear don Bhliain	103	103
Diúscairtí	-	-
Ar 31 Nollaig 2013	101	101
Glanluach Leabhair	STG (000)	STFÉ (000)
Ar 31 Nollaig 2013	405	405
Ar 31 Nollaig 2012	494	494

Tá saol úsáideach measta an ainm fearainn, a ndéantar an t-amúchadh a ríomh dá réir, cothrom le 5 bliana.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)
don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2013

8. Sócmhainní Inláimhsithe Seasta

	Trealamh Ríomhairí	Daingneáin & Feistis	Feabhsú Léasachta	Iomlán
	€ (000)	€ (000)	€ (000)	€(000)
Costas				
Ag 1 Eanáir 2013	1,631	971	2,410	5,012
Breiseanna	70	3	-	73
Diúscairtí	(100)	-	-	(100)
Ar 31 Nollaig 2013	1,601	974	2,410	4,985
Dímheas				
Ag 1 Eanáir 2013	1,339	871	2,409	4,619
Muirear don Bhliain	128	26	1	155
Diúscairtí	(100)	-	-	(100)
Ar 31 Nollaig 2013	1,367	897	2,410	4,674
Glanluach Leabhair	€(000)	€(000)	€(000)	€(000)
Ar 31 Nollaig 2013	234	77	-	311
Ar 31 Nollaig 2012	292	100	-	393
	Trealamh Ríomhairí	Daingneáin & Feistis	Feabhsú Léasachta	Iomlán
	STGE (000)	STGE (000)	STGE(000)	STGE(000)
Costas				
Ag 1 Eanáir 2013	1,322	788	1,955	4,065
Coigeartú Malartáin	34	20	49	103
Breiseanna	59	3	-	62
Diúscairtí	(85)	-	-	(85)
Ar 31 Nollaig 2013	1,330	811	2,004	4,145
Dímheas				
Ag 1 Eanáir 2013	1,085	705	1,954	3,744
Muirear don Bhliain	109	22	1	132
Diúscairtí	(85)	-	-	(85)
Ar 31 Nollaig 2013	1,135	745	2,004	3,884
Glanluach Leabhair	STGE(000)	STGE(000)	STGE(000)	STGE(000)
Ar 31 Nollaig 2013	195	66	-	261
Ar 31 Nollaig 2012	237	83	1	321

Déantar saol úsáideach na sócmhainní seasta inláimhsithe, lena ndéantar an dímheas a ríomh, a mheas mar seo a leanas:

Trealamh Ríomhaireachta: 3 bliana; Daingneáin agus Feistis: 8 mbliana

Feabhsúcháin Léasacha: 8 mbliana

Nótaí do na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)
don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2013

9. Feichiúnaithe

	2013 €(000)	2012 €(000)	2013 STGE(000)	2012 STGE(000)
Feichiúnaithe Trádála	66	38	55	31
Fáilte Éireann	2,146	4,220	1,784	3,423
Ilfheichiúnaithe agus réamhfócaíochtaí	2,060	1,355	1,712	1,099
	4,272	5,613	3,551	4,553

10. Creidiúnaithe

	2013 €	2012 €(000)	2013 STF€	2012 STGE
Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin	(000)	(000)	(000)	(000)
Creidiúnaithe trádála	7,408	7,138	6,158	5,790
Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann	3	10	3	8
Ioncam trádála réamhfhaighte	13	177	11	144
Costais agus asbhaintí cánach a bhain le pá	63	44	52	35
Costais Phinsin	10	11	8	9
CBL	235	629	195	510
Fabhruithe	703	544	585	441
	8,435	8,553	7,012	6,937

11. Léasanna Oibriúcháin

Ag 31 Nollaig 2013 bhí gealltanais bhliantúla mar seo a leanas ag an gcuideachta faoi léasanna oibriúcháin

	Áitribh	Léasanna Oibriúcháin Eile	Iomlán	Áitribh	Léasanna Oibriúcháin Eile	Iomlán
	€(000)	€(000)	€(000)	STGE (000)	STGE (000)	STGE (000)
Dáta Éaga						
Laistigh de bhliain amháin	583	-	583	485	-	485
Idir 2 bhliain agus 5 bliana	531	11	542	441	9	450
Níos mó ná 5 bliana	950	-	950	790	-	790
	2,064	11	2,075	1,716	9	1,725

Nótaí do na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)

don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2013

11. Léasanna Oibriúcháin (ar leanúint)

Seo a leanas miondealú ar an gcíos bliantúil iníochta maidir le hátribh ar léas:

			2013 Cíos Iníochta	2013 Cíos Iníochta	2013 Cíos Iníochta	2012 Cíos Iníochta
	Dáta Éaga	Clásal Scoir	€(000)	€(000)	STGE(000)	STGE(000)
Ardoifigí						
Baile Átha Cliath (1)	2022	-	609	600	506	487
Cúil Raithin	2023	-	52	52	43	42
Oifigí Thar Lear						
Amsterdam	2016	-	63	60	53	49
An Bhruiséil	2015	-	33	31	27	25
Copenhagen	2020	-	47	46	39	37
Dubai	2014	-	56	55	47	45
Frankfurt	2022	2017	70	70	58	56
Glasgow (2)	Rothlach	-	16	19	14	16
London	2018	-	329	315	274	256
Madrid (1) (2)	Rothlach	-	51	41	42	41
Milan	2017	-	44	43	36	35
Nua Eabhroc (1)	2014	-	502	502	417	407
Paris	2018	-	146	140	122	114
Shanghai	2014	-	46	46	38	37
Sydney	2017	-	53	47	44	38
Toronto	2023	-	45	42	38	34
Costais Iomlána Bliantúla			2,162	2,119	1,798	1,719

Nótaí:

(1) Cóiríocht á roinnt le gníomhaireacht eile stáit nó comhlacht Rialtais

(2) Áitreabh sealbhaithe ar bhonn reatha rollála gan téarma seasta

21. Cúlchiste Deontais an Rialtais

	2013 €(000)	2012 €(000)	2013 STGE (000)	2012 STGE000)
Iarmhéid ag tús na tréimhse	1,002	256	815	214
Athluacháil ar iarmhéid tosaigh	-	-	20	(6)
Tarchuir (chuig)/ón gcuntas Ioncaim agus Caiteachais:				
Deontais a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach	73	894	62	725
Amúchadh de réir Dímheas Sócmhainní	(277)	(148)	(235)	(121)
Suim Scaoilte ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	-	-	-	-
Suim Scaoilte ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	(204)	746	(173)	604
Athluacháil ar Iarmhéid Deiridh	-	-	4	3
Iarmhéid ag 31 Nollaig	798	1,002	666	815

13. Cuntas ioncaim agus caiteachais

	2013 €(000)	2012 €(000)	2013 STGE (000)	2012 STGE000)
Iarmhéid ag tús na tréimhse	1,047	2,799	850	2,339
Athluacháil ar iarmhéid tosaigh	--	-	20	(68)
(Easnamh)/Farasbar ioncaim thar caiteachas	(149)	(1,752)	(126)	(1,421)
Athluacháil ar Iarmhéid Deiridh	-	-	2	-
Iarmhéid ar 31 Nollaig	898	1,047	746	850

14. Réiteach an (Easnamh) ioncaim thar caiteachas le glan (eas-sreabhadh)/insreabhadh ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

	2013 €(000)	2012 €(000)	2013 STGE (000)	2012 STGE000)
Easnamh)/Farasbarr ioncaim thar caiteachas sa tréimhse	(149)	(1,752)	(126)	(1,421)
Amúchadh sócmhainní seasta doláimhsithe	122	-	103	-
Dímheas sócmhainní seasta inláimhsithe	155	148	132	121
Aistriú (chuig)/ó Chúlchiste Deontais an Rialtais (de réir nóta 12)	(204)	746	(173)	604
Cailteanas/(Brabús) ar Dhiúscairt Acmhainní Seasta	(1)	(3)	(1)	(2)
Laghódú/(Méadú) i bhFeichiúnaithe	1,341	1,341	1,002	(1,400)
Laghódú)/Ardú i gcreidiúnaithe	(118)	(1,658)	75	(1,596)
Athluacháil ar iarmhéid tosaigh	-	-	20	(68)
Athluacháil ar Iarmhéid Deiridh	-	-	2	-
Glan insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	1,146	(4,359)	1,034	(3,762)

15. Réiteach ar ghlan (eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid chuig gluaiseacht in iarmhéideanna airgid agus bainc

	2013 €(000)	2012 €(000)	2013 STGE (000)	2012 STGE000)
Iarmhéideanna Bainc agus Airgid ar 1 Eanáir	3,987	9,237	3,234	7,719
Glan insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid	1,074	(5,250)	973	(4,485)
Iarmhéideanna Bainc agus Airgid ar 31 Nollaig	5,061	3,987	4,207	3,234
Glan insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	1,146	(4,359)	1,034	(3,762)
Glan (eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí neamhoibriúcháin	(72)	(891)	(61)	(723)
Glan insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid	1,074	(5,250)	973	4,485)

16. Pinsin

a) Cúlra

Bhunaigh na Comhlachtaí Feidhmiúcháin Thuaidh/Theas agus Turasóireacht Éireann Teoranta an Scéim Phinsean Thuaidh/Theas le héifeacht ó 29 Aibreán 2005.

Tá roinnt catagóirí éagsúla ballraíochta ann atá deartha do chomhaltaí nua agus do chomhaltaí a d'aistrigh ó Bhord Fáilte (Fáilte Éireann anois) agus ó Bhord Turasóireachta Thuaisceart Éireann. Ina theannta sin déanann Turasóireacht Éireann ranníocaíochtaí chuig roinnt scéimeanna pearsanta arna bhfeidhmiú ag a cuid fostaithe.

b) Cóireáil Chuntasaíochta

Éilíonn FRS 17 ráitis airgeadais chun sócmhainní agus dliteanais a thagann as dualgais an fhostóra a léiriú, ar luach cothrom, agus na costais a aithint faoi shochair aoisliúntais a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleann fostaithe iad.

Is í an éifeacht atá ag FRS17 ná costas na bpinsean a thuilltear, in ionad íocaíochtaí do phinsinéirí, a aithint mar chaiteachas sa bhliain, agus mar mhéid maoinithe comhfhreagrach. Aithnítear sa Chlár Comhardaithe an dliteanas carnach le haghaidh pinsin atá tuillte ag fostaithe ag 31 Nollaig 2013 mar aon le sócmhainn chomhfhreagrach.

Bhí an luacháil a úsáideach do na nochtuithe FRS17 (leasaithe) ag 31 Nollaig 2013 déanta ag achtúire cáilithe neamhspleách. Tá torthaí na bliana seo bunaithe ar luacháil iomlán ar an 31 Nollaig 2012. Tá na torthaí coigeartaithe le foshuímh achtúireacha ag 31 Nollaig 2013, íocaíochtaí agus ranníocaíochtaí leasa iarbhír a fuarthas, taithí ardú tuarastail agus adú pinsin a tharla i rith na bliana agus aistithe isteach agus amach as an Scéim, a léiriú. Is iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh le dliteanais na scéime a ríomh:

	2013	2012
Ráta lascaine (Deisceart)	3.5%	2.70%
Ráta lascaine (Tuaisceart)	4.5%	4.10%
Ráta boilscithe (Deisceart)	2.00%	2.50%
Ráta boilscithe (Tuaisceart)	2.50%	1.80%
Ráta méadú i dtuarastail	4.00%	4.00%
Ráta méadú i bpinsin (Deisceart)	2.00% nó 4.00%	2.50% nó 4.00%
Ráta méadú i bpinsin (Tuaisceart)	2.50%	1.80%
Meánaoibh ionchasaigh sa todhchaí ag aois 65 d'Fhear atá 65 bliana d'aois faoi láthair	21.6	21.5
Bean atá 65 bliana d'aois faoi láthair	24.2	24.1
d'Fhear atá 45 bliana d'aois faoi láthair	23.5	23.4
Bean atá 45 bliana d'aois faoi láthair	26.0	26.9

C) Gluaiseacht i nGlandliteanas Pinsin i rith na bliana airgeadais

	2013 €(000)	2012 €(000)	2013 STG£ (000)	2012 STG£000)
(Easnamh) sa phlean ag tús na bliana	(56,021)	(39,423)	(45,439)	(32,946)
Difríochtaí malartáin	-	-	(1,074)	970
Sochair íoctha i rith na bliana	950	786	807	638
Costas reatha seirbhíse	(2,421)	(1,648)	(2,056)	(1,337)
Traschuir glana (amach) ón scéim	(20)	-	(17)	-
Ioncam/(muirear) airgeadais Eile	(1,722)	(1,844)	(1,462)	(1,496)
Gnóthachan/(Cailteanas)/ achtúireach	11,488	(13,892)	(9,550)	(11,268)
(Easnamh) sa phlean ag deireadh na bliana	(47,746)	(56,021)	(39,691)	(45,429)

Anailís ar ghluaiseacht san (easnamh) sa Phlean i rith na tréimhse:

	2013 €(000)	2012 €(000)	2013 STG£ (000)	2012 STG£000)
Gnóthachan Taithí	3,119	692	2,593	561
Gnóthachan/(cailteanas) ar athrú fhoshuímh airgeadais	8,369	(14,584)	6,957	(11,829)
Gnóthachan/(Cailteanas) achtúireach	11,488	(13,892)	9,550	(11,268)

**Nótaí do na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)
don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2013**

16. Pinsin (ar leanúint)

d) Cuntas Ioncaim agus Caiteachais: anailís don bhliain airgeadais

Anailís ar an nglan-mhaoiniú iarchurtha don phinsean:

	2013 €(000)	2012 €(000)	2013 STG€ (000)	2012 STG€000)
Costas reatha seirbhíse	2,421	1,648	2,056	1,337
Costas airgeadais eile	1,722	1,844	1,462	1,496
Sochair íoctha i rith na bliana	(950)	(786)	(807)	(638)
	3,193	2,706	2,711	2,195
Anailís ar chostais seirbhísí reatha pinsin:				
	2013 €(000)	2012 €(000)	2013 STG€ (000)	2012 STG€000)
Costas reatha seirbhíse	2,421	1,648	2,056	1,337
Costas airgeadais eile	1,722	1,844	1,462	1,496
	4,143	3,492	3,518	2,833

e) Glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh Pinsean

	2013 €(000)	2012 €(000)	2013 €(000)	2012 STG€000)
Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir	56,021	39,423	45,439	32,946
(Laghú)/Méadú i Maoiniú Iarchurtha Sócmhainn Pinsin	(8,275)	16,598	(5,748)	12,493
Iarmhéid deiridh ag 31 Nollaig	47,746	56,021	39,691	45,439

f) Stair Dhliteanas Shainmhínithe Sochair

	2013 €(000)	2012 €(000)	2011 € (000)	2010 €E000)	2009 €(000)
(Easnamh) ar 31 Nollaig	(47,746)	(56,021)	(39,423)	(36,955)	(33,713)
Gnóthachan/(Cailteanas) Taithí	3,119	692	(36)	1,636	(709)
Céatadán na nDlíteanas Scéime	6.5%	1.2%	(0.1%)	4.4%	(2.1%)
	2013 STG€(000)	2012 STG€ (000)	2011 STG€ (000)	2010 STG(000)	2009 STG€(000)
(Easnamh) ar 31 Nollaig	(39,691)	(45,439)	(32,946)	(31,684)	(29,900)
Gnóthachan/(Cailteanas) Taithí	2,593	561	(30)	1,404	(632)
Céatadán na nDlíteanas Scéime	6.5%	1.2%	(0.1%)	4.4%	(2.1%)

g) Scéimeanna Pinsin Príobháideacha

I gcúinsí nach bhfuil an fhoireann in ann leas a bhaint as an scéim, féadfaidh siad scéim ranníocaíochta sainmhínithe pearsanta a bhunú ina gcuirfidh an chuideachta ranníocaíocht. Tá 34 ball foirne i scéimeanna dá leithéid.

17. Ceangaltais Chaipitiúla

Ní raibh aon cheangaltas caipitiúil ann ar an 31 Nollaig 2013 (2012 - náid)

18. Ceangaltais Eile

Bhí ceangaltas i leith caiteachas margaíochta de €1.8m (£1.5m) ar an gcuideachta ar 31 Nollaig 2013 (2012 - €1.8m £1.4m).

19. Ceangaltais Íocaíochta Deontais

Ní raibh aon cheangaltas íocaíochta deontais ann ar an 31 Nollaig 2013 (2012 - náid)

20. Dliteanais Theagmhasacha

Ní raibh aon dliteanas teagmhasach ann ar an 31 Nollaig 2013 (2012 - náid)

21. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

Is Cuideachta Teoranta le rathúnas é Turasóireacht Éireann Teoranta a bhfuil dhá bhall ann, Fáilte Éireann agus Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann, faoi urraíocht ag dhá roinn rialtais, An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt sa Deisceart agus an Roinn Fiontraíochta, Trádála agus Infheistíochta sa Tuaisceart. Meastar na gníomhaíochtaí seo a bheith ina bpáirtithe gaolmhara agus i rith na bliana fuair Turasóireacht Éireann an chuid is mó dá mhaoiniú uathu seo agus bhí idirbhearta éagsúla aici leo. Tá na hidirbhearta seo nochta i nótaí 2, 9 agus 10. Meastar Aer Lingus a bheith ina pháirtí gaolmhar, mar go bhfuil úinéireacht 25.11% ag Rialtas na hÉireann air, agus mar atá luaite i nóta 22, tá Christoph Mueller ina stiúrthóir ar Thurasóireacht Éireann agus Aer Lingus araon.

Mar atá le go leor aonán eile, pléann Turasóireacht Éireann i ngnáthchúrsaí gnó le comhlachtaí eile a bhfuil úinéireacht nó smacht i bpáirt nó in iomlán ag Rialtas na hÉireann nó Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine agus Thuaisceart Éireann orthu.

22. Comhaltaí Boird - Nochtadh Bearta

I ngnáthchúrsa an ghnó, d'fhéadfadh Turasóireacht Éireann dul i mbun socrúithe conarthacha le gnólachtaí ina bhfuil Comhaltaí Boird fostaithe nó leasmhar ar shlí eile. Tá nósanna imeachta glactha chucu ag Turasóireacht Éireann atá faoi réir na dtreoirilínite atá eisithe maidir le nochtadh leasanna na gComhaltaí Boird agus tá siad tar cloí leis na nósanna sin i rith na bliana.

Ní bhfuair na comhaltaí Boird atá i gceist aon docaiméidiúchán ó Thurasóireacht Éireann maidir leis na hidirbhearta ná ní raibh na comhaltaí páirtech in aon chinneadh a bhain leis na hidirbhearta.

Bíonn Turasóireacht Éireann rannpháirteach i gcláir margaíochta thar sáile (a chuirtear chun cinn go gníomhach agus go forleathan agus atá oscailte d'aon iarrthóir oiriúnach), le réimse leathan iompróirí aeir agus farraige, tionscnóirí turais agus fiontair sa bhaile agus i gcéin mar chuid de phlean oibriúcháin.

I rith na bliana, rinne Turasóireacht Éireann íocaíochtaí de €1.17m (£0.97m) le hAer Lingus, a bhfuil Christoph Mueller ina stiúrthóir air, agus bhí €0.28m (£0.24m) de sin amuigh ag deireadh na bliana 2012: €1.22m (£1.00m) a raibh €0.11m (£0.09m) amuigh ag deireadh na bliana, an chuid is mó i leith comhchláir margaíochta iasachta, (feic nóta 21 thuas).

€101k (£84k) {2012: €99k (£80k)}, íoctha le Abbey Tours, a bhfuil John Healy ina stiúrthóir air, an chuid is mó maidir le gníomhaíochtaí comh-mhaoinithe lena n-áirítear glaonna díolacháin thar lear, turais taithíochta agus tograí nua.

€37k (£30k) {2012: €30k (£20k)}, íoctha le Hastings Hotels, a bhfuil Howard Hastings ina stiúrthóir air, an chuid is mó i leith cóiríocht agus áiseanna óstáin.

23. Faomhadh na Ráitis Airgeadais

D'fhaomh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar 12 Meitheamh 2014.

Tuarascáil Bhliantúil Thurasóireacht Éireann 2013
Turasóireacht Éireann

Cúil Raithin

Beresford House
2 Beresford Road
Cúil Raithin
BT52 1GE

T: +44 28 7035 9200
F: +44 28 7035 9200
Baile Átha Cliath

5ú Urlár
Cearnóg an Easpaig
Cnoc an Réamannaigh,
Baile Átha Cliath 2

T: +353 1 476 3400
F: +353 1 476 3666
R-phost: info@tourismireland.com
W: www.tourismireland.com

